AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.9.2024
COM(2024) 415 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Athbhreithniú ar fheidhmiú agus éifeachtacht Rialachán (AE) 2017/821 (an Rialachán maidir le Mianraí Coinbhleachta) de bhun Airteagal 17 (2) de Rialachán (AE) 2017/821

I. RÉAMHRÁ

Is é is cuspóir don Tuarascáil seo torthaí an Choimisiúin Eorpaigh (dá ngairtear an Coimisiún anseo feasta) a chur i láthair maidir leis an gcéad athbhreithniú ar fheidhmiú agus éifeachtacht *Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair d'allmhaireoirí de chuid an Aontais de stán, de thantalam agus de thungstan, dá mianta, agus d'ór de thionscnamh limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus limistéar ardriosca*[1](an Rialachán). Tháinig an Rialachán i bhfeidhm an 8 Meitheamh 2017. Tá feidhm ag a cheanglais díchill chuí oibríochtúla maidir le hallmhaireoirí de chuid an Aontais de Stán, Tungstan, Tantalam agus Ór (3TG) ón 1 Eanáir 2021. Go sonrach, leagtar amach leis an Rialachán córas de chuid an Aontais maidir le dícheall cuí sa slabhra soláthair, chun srian a chur ar na deiseanna atá ag grúpaí armtha agus ag fórsaí slándála tairbhe a bhaint as trádáil in 3TG trí chosc a chur ar mhaoiniú grúpaí armtha agus fórsaí slándála den sórt sin i limistéir atá saibhir ó thaobh acmhainní de agus trí sháruithe tromchúiseacha gaolmhara ar chearta an duine a sheachaint. Tá na hoibleagáidí díchill chuí d'allmhaireoirí de chuid an Aontais ailínithe le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí i dtaca le Dícheall Cuí do Shlabhraí Soláthair Freagracha Mianraí ó Limistéir ina bhfuil Coinbhleacht agus ó Limistéir Ardriosca (Treoir ECFE um Dhícheall Cuí) agus comhtháthaítear leo an creat 5 chéim le haghaidh dícheall cuí rioscabhunaithe a leagtar amach i dTreoir ECFE um Dhícheall Cuí.[2] Tá an Rialachán ceaptha chun trédhearcacht agus cinnteacht a sholáthar maidir le cleachtais soláthair allmhaireoirí de chuid an Aontais a allmhairíonn 3TG, agus maidir le cleachtais soláthair bruithneoirí agus athleádóirí a fhoinsíonn acmhainní i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardriosca (CAHRAnna). Tá údaráis inniúla na mBallstát freagrach as cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin agus as seiceálacha *ex post* maidir le comhlíonadh a dhéanamh ar allmhaireoirí de chuid an Aontais.

De réir Airteagal 17(2), déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht an Rialacháin faoi 2023 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin. Go sonrach, déanfar an méid seo a leanas leis an athbhreithniú:

> *'**tionchar an Rialacháin seo ar an láthair** a chur san áireamh, lena n-áirítear maidir le cur chun cinn agus costas foinsithe fhreagraigh mianraí atá laistigh dá raon feidhme ó limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus ó limistéir ardriosca agus **tionchar an Rialacháin seo ar oibreoirí eacnamaíocha an Aontais**, lena n-áirítear FBManna, chomh maith leis **na bearta tionlacain** a leagtar amach i dTeachtaireacht Chomhpháirteach an 5 Márta 2014. Pléifidh an Coimisiún an **tuarascáil bhliantúil** le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle. Cuirfear san áireamh san athbhreithniú measúnú neamhspleách ar an gcion den líon iomlán oibreoirí eacnamaíocha iartheachtacha de chuid an Aontais atá san Aontas ag a bhfuil stán, tantalam, tungstan nó ór ina slabhra soláthair, agus a bhfuil scéimeanna díchill chuí i bhfeidhm acu. Déanfar measúnú san athbhreithniú ar **leordhóthanacht agus ar chur chun feidhme na scéimeanna díchill chuí sin** agus ar thionchar chóras an Aontais ar an láthair chomh maith leis an **ngá atá le bearta éigeantacha breise** chun giaráil leordhóthanach*

[1] IO L 130, 19.5.2017, lch. 1.
[2] ECFE (2016), Treoir ECFE um Dhícheall Cuí do Shlabhraí Soláthair Freagracha Mianraí ó Limistéir ina bhfuil Coinbhleacht agus ó Limistéir Ardriosca: An Tríú hEagrán, Foilsitheoireacht ECFE, Páras. http://dx.doi.org/10.1787/9789264252479-en

mhargadh iomlán an Aontais ar shlabhra soláthair domhanda freagrach mianraí a áirithiú.'

I dteannta na gceanglas a leagtar amach go sainráite in Airteagal 17, rinne an Coimisiún gnéithe breise a bhaineann le cumhdach agus raon feidhme an Rialacháin a shainaithint agus a scrúdú, gnéithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht an Rialacháin. Freagraíonn an Tuarascáil seo don cheanglas sin ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán. Déantar achoimre inti ar thorthaí an staidéir athbhreithnithe agus leagtar béim inti ar na príomhréimsí fócais a bhféadfadh an Coimisiún tacú leo go leanúnach agus a bhféadfadh sé measúnú breise a dhéanamh orthu i gcomhthéacs na n-athbhreithnithe atá ar na bacáin.

II. AN CHÉAD ATHBHREITHNIÚ - RAON FEIDHME AGUS MODHEOLAÍOCHT

Déantar anailís sa Tuarascáil seo ar éifeachtacht agus ar fheidhmiú an Rialacháin de réir roinnt gnéithe: (1) An tionchar ar thíortha táirgthe[3], go háirithe ar rioscaí a mhaolú maidir le drochthionchair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le mianraí a eastóscadh, a láimhseáil agus a onnmhairiú ó limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus ó limistéir ardriosca, (2) an tionchar ar oibreoirí eacnamaíocha san Aontas, lena n-áirítear ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), (3) meastóireacht a dhéanamh ar bhearta tionlacain amhail scéimeanna díchill chuí sa slabhra soláthair a aithint agus tionchar liosta táscach agus neamh-uileghabhálach CAHRAnna arna sholáthar ag an saineolas seachtrach a d'iarr an Coimisiún de bhun Airteagal 14 (2) den Rialachán (liosta CAHRA anseo feasta)[4] agus (4) breithnithe breise lena n-áirítear maidir le raon feidhme ábhartha an Rialacháin, ról na dtairseach méideanna allmhairí agus na n-idirnasc le tionscnaimh reachtacha eile lena gcumhdaítear an earnáil eastósctha.

Tacaíodh leis an Tuarascáil seo le staidéar seachtrach, ionchuir ó údaráis inniúla na mBallstát trína dtuarascálacha bliantúla maidir le cur chun feidhme an Rialacháin[5] chomh maith le comhairliúcháin an Choimisiúin le raon leathan páirtithe leasmhara. Tá torthaí an staidéir sheachtraigh bunaithe ar mhodhanna measctha lena gcuimsítear athbhreithniú fairsing ar an litríocht, anailís ar shonraí tánaisteacha, taighde allamuigh[6], taighde deisce agus agallaimh agus ceardlanna le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear údaráis inniúla na mBallstát, oibreoirí réamhtheachtacha agus iartheachtacha Eorpacha, úinéirí scéimeanna díchill chuí, mianadóirí, trádálaithe áitiúla, an tsochaí shibhialta agus páirtithe leasmhara eile. Tá an Tuarascáil bunaithe ar thaighde a chlúdaíonn an tréimhse go dtí an chéad leath de 2023.

[3] Le 'tíortha táirgthe', déanaimid tagairt do thíortha ina ndéantar mianraí agus mianta 3TG a eastóscadh.

[4] Ní hionann liosta CAHRAnna a chuirtear ar fáil leis an saineolas seachtrach agus an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar an suíomh gréasáin tiomnaithe don liosta sin agus tuairim oifigiúil ón gCoimisiún Eorpach nó ón Aontas maidir le cé acu is ionann CAHRA agus réigiún nó limistéar sonrach nó nach ionann, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(f) de Rialachán (AE) 2017/821.

[5] Airteagal 17 (1) den Rialachán.

[6] Rinneadh cás-staidéir ar an talamh sa Cholóim agus i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC). Tá an dá thír ar liosta CAHRA agus is príomhghníomhaithe iad sa mhargadh 3TG agus táirgeann siad gach mianra/miotail go gníomhach, ar scálaí éagsúla.


III. ATHBHREITHNIÚ AR FHEIDHMIÚ AGUS AR ÉIFEACHTACHT AN RIALACHÁIN

1. Tionchair ar an láthair i dtíortha táirgthe 3TG

In 2023, d'allmhairigh an tAontas 3TG (mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán, i.e. na miotail agus na mianraí ina bhfuil siad) ar luach EUR 18,3 billiún. Mianta óir agus tiúcháin (71 %) a bhí i bhformhór na n-allmhairí i dtéarmaí luacha, agus tantalam (23 %) stán (5 %) agus tungstan (1 %) ina dhiaidh sin.

Ó thaobh cainníochtaí de, ba é iomlán na n-allmhairí 26 000 tona, ar mianta óir agus tiúcháin iad 45 % díobh, 37 % tantalam, 15 % stán agus 3 % tungstan (lena n-áirítear na mianraí ina bhfuil na miotail sin).

Fíor 1 - Allmhairí AE27 3TG in 2023



Foinse: Comext ESTAT
Tabhair faoi deara: Bunaithe ar chóid AC 8 ndigit de réir Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán

Mar is léir i dTábla 1 thíos, ní thagann ach sciar an-bheag d'allmhairí díreacha 3TG ó thíortha ina bhfuil limistéir atá san áireamh ar liosta CAHRA.

Tábla 1 – Tionscnamh allmhairí AE 3TG in 2023

Ainm na Míre	Allmhairí iomlána an Aontais (EUR 1000)	Allmhairí ó CAHRAnna (EUR 1000)	Allmhairí díreacha ó CAHRAnna (%)	Tíortha ina bhfuil réigiúin atá ar liosta CAHRA	Príomhthíortha tionscnaimh nach limistéir iad ina bhfuil coinbhleacht ná nach limistéir ardriosca iad
Stán	875 963	12 808	1,46 %	An India, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an Tuirc, an Afganastáin, Veiniséala, an Phacastáin, an Úcráin, an tSiombáib, an Nigéir, na hOileáin Fhilipíneacha, an Éigipt, an Cholóim, an Bhurúin	An Eilvéis, an Afraic Theas, an Ríocht Aontaithe, Eacuadór, Ceanada
Tungstan	282 892	2 929	1,04 %	An India, an Tuirc, na hOileáin Fhilipíneacha, an Éigipt, an Úcráin, an Phacastáin	An Chóiré Theas, an tSeapáin, an tSín, SAM, an Afraic Theas

Tantalam	4 136 535	1 616	0,04 %	Veiniséala, an India, an Úcráin, an Tuirc, na hOileáin Fhilipíneacha, an Cholóim, an Nigéir, Mósaimbíc	An Indinéis, an Bhrasaíl, an tSín, Peiriú, an Bholaiv
Mianta óir agus tiúcháin díobh	12 992 874	628 175	4,83 %	An India, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an Tuirc, an Afganastáin, Veiniséala, an Phacastáin, an Úcráin, an tSiombáib, an Nigéir, na hOileáin Fhilipíneacha, an Éigipt, an Cholóim, an Bhurúin	An tSín, SAM, Vítneam, an Chóiré Theas, Ceanada

Foinse: Comext ESTAT
Tabhair faoi deara: Bunaithe ar chóid AC 8 ndigit de réir Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán

Chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionchair an Rialacháin ar an láthair i dtíortha táirgthe 3TG agus béim á leagan ar CAHRAnna, roghnaíodh Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC) (réigiúin Kinshasa agus Kindu) agus an Cholóim (réigiúin Bogotá agus Medellín) le haghaidh measúnú domhain ar an láthair. Roghnaíodh an dá thír chun cothromaíocht a bhaint amach idir ábharthacht, indéantacht agus ionadaíocht gheografach, agus cumhdach na gceithre mhianra/mhiotal uile faoi raon feidhme an Rialacháin á áirithiú ag an am céanna.

Scrúdaíodh sa staidéar seachtrach freisin trí thaighde deascbhunaithe na tionchair i réimsí atá san áireamh ar liosta CAHRAnna san Afraic, i Meiriceá Laidineach agus san Áise – go sonrach i mBuircíne Fasó, sa Bhurúin, sa Nigéir, sa tSúdáin Theas, i Veiniséala, san India agus i Maenmar. Ar deireadh, bhí tíortha idirthurais tábhachtacha 3TG, go háirithe Ruanda agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (UAE), mar chuid den mheasúnú deascbhunaithe freisin agus é mar aidhm leo léargas níos iomlánaíche a thabhairt ar thionchair dhomhanda an Rialacháin.

Roghnú na dtíortha sonracha sin le haghaidh measúnú domhain agus deascbhunaithe, ní toradh é ar chomparáid le tíortha eile a bhfuil CAHRAnna san áireamh ar an liosta freisin.

a. Taighde allamuigh i **bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

Tá Poblacht Dhaonlathach an Chongó lárnach do ‘mhianraí coinbhleachta’ ó tháinig an coincheap chun cinn breis agus scór bliain ó shin, mar gheall ar na cúlchistí móra 3TGanna atá aici agus na rioscaí dea-dhoiciméadaithe a bhaineann le coinbhleacht armtha agus sáruithe tromchúiseacha gaolmhara ar chearta an duine feadh slabhraí soláthair 3TG. Tá PDC ar fad ar liosta CAHRA[7]. Eascraíonn príomhdhúshláin as leitheadúlacht na mianadóireachta ag lucht ceirde agus ar mionscála, agus is minic nach ndéantar comharchumainn a chur ar bhonn foirmiúil i gceart agus go mbíonn tionchar ag rioscaí agus mí-úsáidí suntasacha orthu i bhfoirm saothar éigeantais, dúshaothrú ag grúpaí armtha, (breabaireacht, sciúradh airgid), agus mífhaisnéis chalaoiseach maidir le tionscnamh mianraí. Is minic a thugtar rioscaí ‘Treoir ECFE um Dhícheall Cuí – Iarscríbhinn II’ ar na rioscaí sin[8]. Go sonrach, maidir le hór ó

[7] Féach mar thagairt Roinn III. 4. b.
[8] Sainmhínítear rioscaí Iarscríbhinn II i dTreoir ECFE um Dhícheall Cuí agus aithnítear iad mar ‘dhrochthionchair shuntasacha a d’fhéadfadh a bheith bainteach le mianraí a eastóscadh, a thrádáil, a láimhseáil agus a onnmhairiú ó CAHRAnna’. Áirítear an méid seo a leanas in Iarscríbhinn II: aon chineál céastóireachta, íde atá cruálach, mídhaonna nó táireach; aon chineál saothair

mhianadóireacht ag lucht ceirde, níl aon chlár inrianaitheachta ar scála ar bith ann faoi láthair, rud a fhágann go bhfuil sé deacair dícheall cuí réamhtheachtach a dhéanamh agus ór deimhnithe a fhoinsiú go freagrach chun margadh na hEorpa a bhaint amach.

Tábla 2- Onnmhairí 3TG ó Phoblacht Dhaonlathach an Chongó in 2022

Ainm na Míre	Onnmhairí iomlána (EUR 1000)	Na príomhthíortha allmhairiúcháin	Sciar an Aontais
Stán	19 533	An tSín, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	0 %
Tungstan	3 162	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Téalainn, an Mhalaeisia, Hong Cong, an tAontas Eorpach	3 %
Tantalam	38 154	Hong Cong, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an tSín, an Téalainn, an tAontas Eorpach	7 %
Mianta óir agus tiúcháin díobh	685 084	An Afraic Theas, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Bhurúin, Ruanda, Uganda	0 %

Foinse: Comtrade na Náisiún Aontaithe
Nótaí: bunaithe ar chóid HS6 de réir Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán

Sainaithníodh sa staidéar roinnt tionchair dhearfacha, cé nach bhfuil siad inchurtha go díreach i leith an Rialacháin, ó thaobh feasacht mhéadaithe agus glacadh cleachtas díchill chuí, lena n-áirítear Treoir ECFE um Dhícheall Cuí ar a bhfuil an Rialachán bunaithe. Léiríonn torthaí an taighde allamuigh, áfach, go bhfuil feasacht ar an Rialachán íseal go ginearálta i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, agus easpa tionchair dhírigh inléirithe mar thoradh air sin. Mar sin féin, tá eolas ar chreat 5 chéim ECFE - a bhfuil an Rialachán bunaithe air - i bhfad níos forleithne. Bhí na páirtithe leasmhara a cuireadh faoi agallamh ar an eolas faoi na ceanglais díchill chuí a leagtar amach i dTreoir ECFE um Dhícheall Cuí agus faoin ngá atá le hAcht Dodd-Frank na Stát Aontaithe[9] a chomhlíonadh, lena ndírítear go sonrach ar PDC agus ar thíortha comharsanachta

b. Taighde allamuigh sa **Cholóim**

Tá an Cholóim ina comhalta de ECFE ó bhí 2020 ann.[10] Tá táirgeadh suntasach óir sa tír ina bhfuil naisc shainaitheanta le rioscaí Iarscríbhinn II amhail táirgeadh óir chun grúpaí armtha neamhstáit a chothú, gáinneáil ar dhrugaí, agus mianadóireacht neamhdhleathach.[11] Tá roinnt *departamentos* na Colóime san áireamh ar liosta CAHRA, is iad sin Antioquia, Arauca, Bolívar, Cauca, Nariño, Norte de Santander, agus Valle del Cauca. I mí Iúil 2022, ghlac an Cholóim Dlí 2250 lena bhforáiltear an bonn rialála intíre maidir le dícheall cuí le haghaidh 3TGanna (chomh maith le hairgead agus platanam). Thairis sin, tá rialtas na Colóime ag tabhairt faoi roinnt tionscnamh atá ar aon dul le cuspóirí i ngnéithe éagsúla de Threoir ECFE um Dhícheall Cuí

éignithe nó éigeantaigh, na cineálacha is measa saothair leanaí; sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha eile ar chearta an duine amhail foréigean gnéasach forleathan; coireanna cogaidh nó sáruithe tromchúiseacha eile ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, coireanna in aghaidh na daonnachta nó cinedhíothú.

[9] Ceanglaítear le hAlt 1502 den US Dodd-Frank Wall Street Reform and Consumer Act 2010 ar chuideachtaí atá liostaithe sna Stáit Aontaithe a nochtadh an bhfuil úsáid 3TGanna agus an bhfuil na mianraí sin de thionscnamh PDC nó de thionscnamh tíre in aice láimhe.

[10] ECFE, 'An Cholóim'.

[11] Frédéric Massé & Philippe Le Billon (2017), 'Gold mining in Colombia, post- war crime and the peace agreement with the FARC [Mianadóireacht óir sa Cholóim, coireacht iar-chogaidh agus an comhaontú síochána le FARC]', *Third World Thematics [Téamaí an Tríú Domhan]*.

agus, dá bhrí sin, cuspóirí an Rialacháin, fiú mura bhfuil cur síos déanta ar na tionscnaimh sin go sainráite agus go comhsheasmhach mar dhícheall cuí. Sampla amháin den sórt sin is ea mianadóireacht ag lucht ceirde agus ar mionscála a chur ar bhonn foirmiúil, ós rud é go bhfuil pobail mhianadóireachta ag lucht ceirde agus ar mionscála neamhchosanta go háirithe ar rioscaí Iarscríbhinn II. Leagadh béim sa staidéar seachtrach freisin ar iarrachtaí ag grúpaí amhail an Chomhghuaillíocht um Mianadóireacht Fhreagrach agus Tionscnamh na hEilvéise maidir le Saothrú Óir níos fearr chun foinsiú freagrach a chur chun cinn laistigh d'earnáil mianadóireachta óir ag lucht ceirde agus ar mionscála na Colóime.

Chuir páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo sa Cholóim in iúl nach féidir costais a bhaineann go díreach leis an Rialachán a shainaithint mar gheall ar mhéideanna ísle na n-onnmhairí díreacha ón gColóim chuig an Aontas.[12]

Tábla 3- Onnmhairí 3TG ón gColóim in 2022

Ainm na Míre	Onnmhairí iomlána (EUR 1000)	Na príomhthíortha allmhairiúcháin	Sciar an Aontais
Stán*	3 621	An tSín, Oileán na Tríonóide agus Tobága, Eacuadór	0 %
Tungstan^	25	Peiriú, Eacuadór, Meicsiceo	0 %
Ocsaídí agus hiodrocsaídí tungstain agus stáin	87	AE, Panama	93 %
Tantalam	5	An Airgintín	0 %
Mianta óir agus tiúcháin díobh	2 976 472	Stáit Aontaithe Mheiriceá, AE, Saorchriosanna, an India, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	16 %

Foinse: Comtrade na Náisiún Aontaithe
Nótaí: bunaithe ar chóid HS6 de réir Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán
* Gan ocsaídí agus hiodrocsaídí stáin a áireamh (AC 2825 90 40)
^ Gan ocsaídí agus hiodrocsaídí tungstain san áireamh (AC 2825 90 40)

Léiríodh ó thorthaí na hoibre allamuigh feasacht theoranta go sonrach ar an Rialachán ar an láthair sa Cholóim, agus easpa tionchair dhírigh inaitheanta mar thoradh air sin. Bhí na páirtithe leasmhara a cuireadh faoi agallamh eolach, áfach, ar Threoir ECFE um Dhícheall Cuí – is ábhar misnigh é sin, ós rud é go bhfuil sé ar cheann de phríomhaidhmeanna an Rialacháin a áirithiú go ndéanfaidh allmhaireoirí 3TG an Aontais dícheall cuí ar bhealach atá comhsheasmhach le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí. Rinneadh coincheap inrianaitheacht an tslabhra soláthair a inmheánú go háirithe in earnáil óir na Colóime i measc oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis phoiblí.

c. Cás-staidéir dheascbhunaithe

Sa staidéar seachtrach a thacaíonn le hathbhreithniú an Choimisiúin, tarraingíodh aird ar na saincheisteanna seo a leanas sna tíortha a roghnaíodh le haghaidh athbhreithniú deascbhunaithe.

I **mBuircíne Fasó**, áirítear ar rioscaí Iarscríbhinn II a shainaithnítear in earnáil an óir breabaireacht, mífhaisnéis chalaoiseach, sciúradh airgid agus neamhíoc cánacha, tacaíocht dhíreach nó indíreach do ghrúpaí armtha neamhstáit, agus rannpháirtíocht fórsaí slándála poiblí.

[12] Agallamh le saineolaí óir ón tsochaí shibhialta, an 24 Aibreán 2023.

Tá ocht réigiún sa tír ar liosta CAHRA. Le linn na n-agallamh a rinneadh don staidéar seo le príomhpháirtithe leasmhara i mBuircíne Fasó, ní raibh ach feasacht theoranta ann gurb ann don Rialachán. Maidir le tosaíochtaí foinsithe fhreagraigh, bhí formhór na ndaoine a cuireadh faoi agallamh dírithe ar shaincheist an truaillithe mearcair a bhaineann le heastóscadh óir. Tugtar le fios sna hagallaimh a rinneadh go mbeadh gá le níos mó for-rochtana maidir leis an Rialachán chun feasacht a mhéadú maidir lena chuspóir agus lena fheidhmiú. Tá Toscaireacht an Aontais in Ouagadougou ag tacú le mianadóireacht óir ag lucht ceirde agus ar mionscála, lena n-áirítear i gcomhthéacs an tionscadail *Foundations for Peace [Fondúireachtaí ar son na Síochána]*.

Tá **an Bhurúin** san áireamh ar liosta CAHRA. Bhí tionchar diúltach ag toirmeasc 2019 ar onnmhairiú óir do thrádálaithe príobháideacha ar fhoirmiúlacht agus ar dhlíthiúlacht a hearnála mianadóireachta, rud a d'fhéadfadh a bheith tar éis cur le méadú ar onnmhairí neamhdhleathacha óir. De réir na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo, faoi láthair níl ach cúpla cuideachta eachtrach ag feidhmiú sa tír, ar de thionscnamh na Síne agus na Rúise iad den chuid is mó agus níl aon cheann acu ag onnmhairiú go díreach chuig an Aontas. Ina theannta sin, tá infhaighteacht sonraí mianadóireachta an-teoranta. Níor sainaithníodh sa staidéar aon fhianaise ar aon tionchar díreach a bheadh ag an Rialachán ar an láthair.

Tá 6 stát cónaidhme na **Nigéire** liostaithe ar liosta CAHRA. Tá an earnáil mianadóireachta sa Nigéir nuaghinte faoi láthair agus tá táirgeadh réasúnta teoranta mianraí 3TG mar shaintréith aici, ach amháin i gcás tantalaim. Go háirithe, is í an Nigéir is cúis le thart ar 13 % de tháirgeadh domhanda tantalaim.[13] Mar sin féin, is príomhrioscaí Iarscríbhinn II iad mianadóireacht neamhdhleathach óir agus smuigleáil neamhdhleathach óir i réigiúin thiar thuaidh na tíre go háirithe (stát Zamfara). Ní raibh earnáil na mianadóireachta i measc earnálacha tosaíochta rannpháirtíochta chomhpháirtíocht an Aontais leis an Nigéir go dtí seo agus mar thoradh air sin, ní raibh aon rannpháirtíocht dhíreach ann ar bhonn an Rialacháin sa tír. Go hindíreach, áfach, trí thacaíocht an Aontais don Chreat Maoiniúcháin Náisiúnta Comhtháite (INFF), agus tríd an obair ghaolmhar ar an bhfeidearálachas fioscach, cuirtear tacaíocht ar fáil d'fhorbairt creata le haghaidh earnáil láidir mianraí (lena n-áirítear an earnáil a chur ar bhonn foirmiúil agus giniúint ioncaim a athchóiriú).

Is iad 3TG agus clocha lómhara na príomhacmhainní nádúrtha mianaithe atá ag Ruanda.[14] Is ionann an crios fosaithe 3T a shíneann ó oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó trí Ruanda agus isteach sa Bhurúin agus 51 % den soláthar domhanda tantalaim, agus rannchuidíonn Ruanda, de réir a staitisticí féin, le 28 % den táirgeadh domhanda, i bhfoirm tiúchán go príomha.[15] Cé nach bhfuil aon réigiún i Ruanda ar liosta CAHRA, tá an tír tábhachtach do mhianadóireacht agus idirthuras 3TG, a bhféadfadh cuid acu, de réir foinsí

[13] EITI (2022), "Mission critical: [Misean criticiúil:] Strengthening governance of mineral value chains for the energy transition [Rialachas slabhraí luacha mianraí a neartú le haghaidh an aistrithe fuinnimh]". https://eiti.org/documents/mission-critical, lch. 99.

[14] Thángthas ar fhosuithe móra stáin i Rutongo, Musha agus Ntunga. Tá na fosuithe tantalaim lonnaithe go príomha i Rutsiro, Muhanga, Kamonyi, etc. RMB Geological Collection. [Bailiúchán Geolaíochta RMB.] Is féidir teacht ar thungstan i Nyakabingo, Gifurwe agus Bugarama. Mianaítear ór go príomha i gcúigí thuaidh agus thiar Ruanda, Miyove, Nyungwe, agus Birambo. Mining Africa, [An Mhianadóireacht san Afraic] https://www.rmb.gov.rw/index.php?eID=dumpFile&t=f&f=68168&token=bca415628ca0d601bb28468f283b98d21a6986c1.

[15] Barreto et al., "Economic Contributions of Artisanal and Small-Scale Mining in Rwanda: [Rannchuidithe Eacnamaíocha na Mianadóireachta ag Lucht Ceirde agus ar Mionscála i Ruanda:] Tin, Tantalum and Tungsten". [Stán, Tantalam agus Tungstan].

idirnáisiúnta, a bheith smuigleáilte trasna na teorann ó PDC[16]. Tacaíonn an tAontas faoi láthair le foinsiú freagrach, le caighdeáin idirnáisiúnta cosanta sóisialta agus comhshaoil a chur chun feidhme agus leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn i Ruanda tríd an *tionscadal* Forbairt Inbhuanaithe Earnáil na Mianadóireachta i Ruanda.[17] Sa bhreis ar an tionscadal sin, ní fhéadfaí aon tionchar atá inchurtha go díreach i leith an Rialacháin a shainaithint i Ruanda. Mar sin féin, le deich mbliana anuas, tá raon tionscnamh reachtach curtha chun feidhme ag Rialtas Ruanda agus d'fhormhuinigh sé scéimeanna díchill chuí do thionscail chun rioscaí diúltacha a bhaineann le hoibríochtaí taiscéalaíochta agus próiseála mianadóireachta a mhaolú. Léiríonn bearta den sórt sin na hiarrachtaí níos leithne atá á ndéanamh chun dícheall cuí a chur chun cinn sa tír, ar cuid di an Rialachán.

Tá ocht réigiún sa **tSúdáin Theas** ar liosta CAHRA. Léiríodh ó agallaimh a rinneadh sa tír go bhfuil an mhianadóireacht neamhdhleathach forleathan in earnáil an óir, atá á déanamh ag mianadóirí ceirde neamhchláraithe den chuid is mó. Ina theannta sin, tá easpa trédhearcachta suntasach ann maidir le húinéireacht cuideachtaí atá ag feidhmiú san earnáil. Maidir leis an Rialachán, níor sainaithníodh aon tionscadal maidir le foinsiú freagrach ná mianraí coinbhleachta sa tír go dtí seo. Thairis sin, dhearbhaigh go leor páirtithe leasmhara a cuireadh faoi agallamh nach cosúil go bhfuil dícheall cuí agus foinsiú freagrach in earnáil an óir i measc thosaíochtaí an rialtais.

I **Veiniséala**, tá go leor rioscaí ag baint le heastóscadh óir agus tá an tír ar fad san áireamh i liosta CAHRA. Ina theannta sin, bíonn leibhéil arda doiléire ag baint leis an earnáil mar thoradh ar an easpa staidrimh oifigiúil.[18] De réir foinsí a ceadaíodh, líomhnaítear go ndéantar codanna móra d'ór Veiniséala a smuigleáil isteach i dtíortha comharsanacha mar an Cholóim, an Bhrasaíl, Suranam agus an Ghuáin. Seachas an staidéar seachtrach, níor aimsíodh aon staidéir eile atá ann cheana chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an Rialacháin i Veiniséala. Leis an staidéar ní rabhthas in ann aon iarracht a rinne an rialtas chun bearta díchill chuí nó athruithe dlíthiúla ar an gcód mianadóireachta nó ar aon reachtaíocht náisiúnta eile mar thoradh ar an Rialachán a shainaithint. Tá leibhéal éigin feasachta ar an Rialachán i measc an lucht acadúil agus taighdeoirí ach ní raibh eagraíochtaí na sochaí sibhialta ná saineolaithe mianadóireachta a ndeachthas i dteagmháil leo ar an eolas faoin Rialachán.[19] Dá bhrí sin, níorbh fhéidir measúnú a dhéanamh ar aon tionchar ar an láthair a bheadh inchurtha go díreach i leith an Rialacháin.

Is í an **India** an dara tomhaltóir óir is mó (i ndiaidh na Síne), 774 thona in 2022. Mar gheall ar easpa soláthair intíre, freastalaítear ar an éileamh go príomha trí allmhairí, go minic trí Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, rud a chruthaíonn riosca (féach thíos tuilleadh sonraí maidir leis na hábhair imní a bhaineann le foinsiú freagrach Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha). In 2022-2023, chuir an mhianadóireacht áitiúil le thart ar 1.5 % den soláthar óir, agus b'ionann an

[16] Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, Midterm report of the Group of Experts submitted in accordance with paragraph 6 of resolution 2688 (2023) [Tuarascáil mheántéarmach ón nGrúpa Saineolaithe arna tíolacadh i gcomhréir le mír 6 de rún 2688 (2023)], S/2023/990.

[17] Toscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig Ruanda, "EU and Germany Join Forces to Boost Rwanda's Mining Sector [Tagann an tAontas Eorpach agus an Ghearmáin le Chéile chun Borradh a chur faoi Earnáil Mianadóireachta Ruanda]," an 30 Meitheamh 2023.

[18] Wilson Center, "Exploiting Venezuela's Uncertain Future" [Todhchaí Éiginnte Veiniséala á Shaothrú]. ECFE, "Gold Flows from Venezuela". [Sreabhann an tÓr ó Veiniséala].

[19] Agallaimh a rinneadh an 30 Márta 2023 agus an 5 Aibreán 2023, faoi seach.

athchúrsáil agus thart ar 14 %.[20] Is í an smuigleáil an riosca is mó a shainaithnítear in earnáil óir na hIndia, riosca atá nasctha le neamhíoc cánacha agus táillí rialtais agus le sciúradh airgid. Tá dhá stát – Chhattisgarh agus Jammu agus Kashmir – ar liosta CAHRA. Léiríonn torthaí an staidéir sheachtraigh go bhfuil roinnt feasachta ar an Rialachán san India, go háirithe laistigh d'eagraíochtaí áirithe atá i láthair sa tír, amhail an Chomhairle Óir Dhomhanda, an Comhairle um Chur Chun Cinn Onnmhairiúcháin Clocha Lómhara agus Seodra nó Cumann Buillin agus Seodra na hIndia.

I **Maenmar**, tá an tionscal stáin á rialú go hiomlán ag oifigigh shinsearacha ón junta, rud a fhágann casta é aon mheasúnú a dhéanamh ar tháirgeadh agus ar thrádáil. In 2021, léiríodh sna meastacháin táirgeadh thart ar 29,000 tona in aghaidh na bliana; agus níos mó ná 700,000 tona i gcúltaiscí. Fágann sé sin gurb é Maenmar an ceathrú táirgeoir stáin is mó agus go bhfuil sé ar an tríú cúltaisce stáin is mó ar domhan.[21]Is i scaglanna na Síne a dhéantar an chuid is mó de tháirgeadh na tíre. Aithníonn an Cumann Idirnáisiúnta Stáin, Cuideachta Stáin Yunnan, atá lonnaithe sa tSín, mar cheann d'fhaighteoirí móra stáin Mhaenmar. Áirítear 15 de 21 limistéar riaracháin Mhaenmar ar liosta CAHRAnna. Tugtar le fios sna torthaí ón staidéar seachtrach go bhfuil feasacht dhiomaibhseach ann maidir leis an Rialachán i Maenmar, agus nárbh fhéidir aon tionchar ar an láthair atá inchurtha go díreach i leith an Rialacháin a dheimhniú. Dhírigh formhór na n-agallaithe a n-iarrachtaí i Maenmar ar shaincheist na héagobhsaíochta polaitiúla agus an fhoréigin agus níor thug siad aghaidh go sainráite ar cheanglais díchill chuí.

Ní táirgeoir mianadóireachta é **Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (UAE)** d'aon cheann de na mianraí atá cumhdaithe ag an Rialachán ach tá áit lárnach aige i dtrádáil agus i gclaochlú óir. Le daichead bliain anuas, tá méadú tagtha air ó bheith lasmuigh de na 100 tír is airde allmhairithe óir le bheith ar cheann de na 10 dtír is airde allmhairithe óir sa lá atá inniu ann, agus ardú suntasach tagtha ar allmhairí ón Afraic.[22] Áitíonn roinnt páirtithe leasmhara a cuireadh faoi agallamh go bhfuil sé an-deacair rochtain a fháil ar aon fhaisnéis maidir le trádáil óir UAE. Tá imní fhorleathan ann gur cosúil go bhfuil na ceanglais maidir le foinsiú freagrach lag, in ainneoin líon mór tionscnamh ábhartha a bheith ann le déanaí. D'fhógair Aireacht Geilleagair UAE rialacháin nua díchill chuí atá ailínithe le ECFE lena gcumhdaítear an earnáil óir atá le teacht i bhfeidhm i mí Eanáir 2024. Cé nach bhféadfaí tionchair atá inchurtha go díreach i leith an Rialacháin a shainaithint in UAE agus nach bhfuil an tír san áireamh i liosta CAHRAnna, tá ról suntasach ag UAE mar mhol idirthurais, go háirithe maidir le hór. Dá bhrí sin, tá sé ábhartha d'fheidhmiú agus d'éifeachtacht an Rialacháin agus tá sé tábhachtach don dícheall cuí san earnáil i gcoitinne.

d. Conclúidí agus moltaí

Ní thugtar isteach leis an Rialachán oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair ach ar allmhaireoirí 3TG de chuid an Aontais, agus dá bhrí sin níl aon éifeacht dhlíthiúil dhíreach aige ar eintitis agus ar phróisis i dtríú tíortha. I bhfianaise an mhéid sin, is deacair idirdhealú a dhéanamh idir tionchair agus costais Rialachán an Aontais i dtríú tíortha agus na tionchair agus

[20] Ionad Beartais Óir na hIndia, "an 8ú Tuarascáil Bhliantúil 2022-2023", 26.
[21] Nicholas Gardiner et al., "Tin mining in Myanmar:[Mianadóireacht stáin i Maenmar:] Production and potential",[Táirgeadh agus acmhainneacht] *Resources Policy*, [Beartas maidir le hAcmhainní] December 2015. [Nollaig 2015.]
[22] Carnegie Endowment for International Peace, "[Dearlaic Carnegie don tSíocháin Idirnáisiúnta]https://carnegie-production-assets.s3.amazonaws.com/static/files/PageVittori_DubaiCorruption_final.pdf, 7 July 2020. [7 Iúil 2020.]

na costais a eascraíonn as iarrachtaí domhanda níos leithne chun dícheall cuí a chur chun cinn i slabhraí soláthair mianraí. Mar sin féin, is ábhar misnigh é go bhfuil roinnt iarrachtaí á ndéanamh ag go leor gníomhaithe san earnáil 3TG dícheall cuí atá ailínithe le ECFE a chur chun feidhme i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin i bhformhór na dtríú tíortha a ndearnadh measúnú orthu. Tá ceanglais an Rialacháin mar chuid den éiceachóras níos leithne sin maidir le dícheall cuí agus bearta freagracha iompair gnó agus, dá bhrí sin, is féidir breathnú orthu mar cheann de na huirlisí a rannchuidíonn le dícheall cuí a fheabhsú i slabhraí soláthair 3TG.

Sainaithníodh sa staidéar go bhféadfaí tionchar an Rialacháin a fheabhsú trí rannpháirtíocht mhéadaithe ón Aontas i dtíortha táirgthe agus idirthurais 3TG. D'fhéadfaí éifeachtacht agus feidhmiú an Rialacháin a fheabhsú tuilleadh trí fhor-rochtain mhéadaithe, ag tosú le for-rochtain ag Toscaireachtaí an Aontais i dtíortha ina bhfuil limistéir atá i liosta CAHRA. Bhí spéis agus glacadh láidir ann maidir leis an Rialachán i measc grúpaí páirtithe leasmhara áitiúla. Dá bhrí sin, trí rannpháirtíocht bhreise a thabhairt do pháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le táirgeadh agus trádáil 3TG i dtíortha ina bhfuil CAHRAnna, i gcás inar féidir, cuirtear deis shuntasach ar fáil chun tionchar an Rialacháin a fheabhsú.

2. Tionchair ar oibreoirí eacnamaíocha an Aontais

a. Glacadh díchill chuí ag oibreoirí eacnamaíocha an Aontais, lena n-áirítear oibreoirí iartheachtacha

Léirítear sa mheasúnú, nuair a tháinig an Rialachán i bhfeidhm, go raibh leibhéil éagsúla feasachta ag allmhaireoirí agus oibreoirí iartheachtacha de chuid an Aontais maidir le dícheall cuí de réir a róil i slabhra soláthair 3TG agus méid na cuideachta. Bhí tionchar láidir ag rannpháirtíocht i dtrádáil idirnáisiúnta 3TG a chumhdaítear le Roinn Gnóthaí Eachtracha SAM ó 2010 i leith ar fheasacht cuideachtaí faoi phrionsabail an díchill chuí agus conas iad a chur chun feidhme.

Maidir le go leor allmhaireoirí de chuid an Aontais ar tugadh isteach dícheall cuí den chéad uair ina leith tríd an Rialachán, cuireadh ar an eolas iad faoina n-oibleagáidí trí theagmhálacha le húdaráis inniúla na mBallstát. Mar thoradh dearfach ar an staidéar tá cuideachtaí, a bhuí leis na teagmhálacha le húdaráis inniúla na mBallstát, ag cur feabhas de réir a chéile ar chur chun feidhme a n-oibleagáidí díchill chuí faoin Rialachán. Cuireann údaráis inniúla na mBallstát chun suntais gur gá leanúint d'fheasacht a mhúscailt maidir le ceanglais mhionsonraithe an Rialacháin d'oibreoirí. Cé gur thuairiscigh roinnt FBManna go raibh deacrachtaí acu fíoruithe seachtracha tríú páirtí a dhéanamh, braitheann formhór na n-allmhaireoirí de chuid an Aontais a ndeachthas i gcomhairle leo laistigh de raon feidhme cheanglais díchill chuí an Rialacháin ar scéimeanna díchill chuí sa slabhra soláthair. Tugtar le fios leis sin go n-éascódh aon aitheantas a d'fhéadfaí a thabhairt do scéimeanna den sórt sin a chomhlíonann na ceanglais ábhartha ón gCoimisiún comhlíonadh na gceanglas ábhartha ón gCoimisiún ag allmhaireoirí agus go múnlódh an taithí sin go leor cuideachtaí ar an Rialachán (féach mar thagairt roinn "3. Bearta Tionlacain" chun mionsonraí a fháil).

Tá éagsúlacht ann ar fud na mBallstát maidir le glacadh díchill chuí agus leibhéil chomhlíontachta oibreoirí eacnamaíocha an Aontais. Baineann na príomheasnaimh a tuairiscíodh le heaspa faisnéise maidir le hoibleagáidí córais bainistíochta agus oibleagáidí

bainistíochta riosca, tuarascálacha iniúchóireachta neamhiomlána, teipeanna maidir le hoibleagáidí nochta agus tuairiscithe agus neamhréireachtaí idir méideanna allmhairí tuairiscithe agus sonraí custaim. Príomhdhúshlán breise amháin eile nach mór aghaidh a thabhairt air is ea ganntanas ginearálta iniúchóirí cáilithe ar fud an Aontais agus easpa iniúchtaí a chomhlíonann ceanglais ábhartha an Rialacháin. Bhí éagsúlacht shuntasach idir tuairimí na n-agallaithe maidir leis na costais a bhaineann le comhlíonadh. Ar thaobh amháin, is gnáthchleachtas príomhshrutha é dícheall cuí i dtionscal na miotal agus na mianraí, agus ailínítear an Rialachán le go leor gnáthchleachtas gnó. Ar an taobh eile, mhínigh cuideachtaí go bhféadfadh ualaí riaracháin agus costais iniúchóireachta a bhaineann le comhlíonadh a bheith sách suntasach, go háirithe do FBManna. Measadh go raibh na costais a bhaineann le hiniúchóireacht idir EUR 8 000 agus EUR 10 000, ar costas suntasach é do FBManna. Ag an am céanna, mhol cuideachtaí (agus údaráis inniúla na mBallstát, féach thíos) go bhféadfadh aitheantas féideartha do scéimeanna agus liosta de bhruithneoirí freagracha faoi dheireadh a aithníonn an tAontas na costais sin a laghdú go suntasach.

Cé nach leagtar síos leis an Rialachán oibleagáidí díchill chuí ach ar allmhaireoirí de chuid an Aontais de na miotail agus de na mianraí mar atá, tá tásca ann go bhfuil oibreoirí eacnamaíocha iartheachtacha sna slabhraí luacha ag dul chun cinn freisin lena n-iarrachtaí díchill chuí. Chun measúnú a dhéanamh ar ghlacadh díchill chuí ag cuideachtaí iartheachtacha, tá uirlis dheonach ar líne á hullmhú ag an gCoimisiún do chuideachtaí iartheachtacha chun faisnéis a fhoilsiú maidir lena gcleachtais díchill chuí, an Córas Faisnéise Freagrach um Mianraí Freagracha – ReMIS, a mheastar a sheolfar sa dara leath de 2024 (féach mar thagairt roinn ‘3. Bearta Tionlacain’).

b. <u>Forfheidhmiú an Rialacháin a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát</u>

Leis an Rialachán, ceanglaítear ar údaráis inniúla na mBallstát ‘seiceálacha iomchuí *ex post* maidir le comhlíonadh’ a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha. Léiríodh san anailís a rinneadh don athbhreithniú seo go mbronntar acmhainneachtaí éagsúla ar údaráis inniúla na mBallstát, go leithdháiltear acmhainní agus saineolas maidir le hamhábhair, próisis thionsclaíocha agus iniúchóireacht. Mar thoradh air sin, tá cumais éagsúla acu seiceálacha ex post a dhéanamh agus obair leantach a dhéanamh ina leith. Go ginearálta, tar éis an chéad bhabhta de sheiceálacha bliantúla *ex post* maidir le comhlíonadh, agus an babhta sin amháin, bíonn torthaí údaráis inniúla na mBallstát teoranta. Thug roinnt Ballstát dá n-aire go bhfuil gá le níos mó ama chun léargas a fháil ar phatrúin allmhairiúcháin agus ar imchéimniú a d’fhéadfadh a bheith ann, agus chun léargas níos soiléire a fháil bunaithe ar shonraí ábhartha.

De réir Airteagal 17 (1) den Rialachán, faoin 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin faoi bhráid an Choimisiúin. Dá bhrí sin, téann na torthaí is déanaí ó thuarascálacha údaráis inniúla na mBallstát a áirítear san athbhreithniú seo siar go dtí an 30 Meitheamh 2023 agus cumhdaítear leo seiceálacha a rinneadh in 2022. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, tar éis gan ach an chéad bhabhta de sheiceálacha bliantúla *ex post* maidir le comhlíonadh a bheith déanta, go bhfuil torthaí údaráis inniúla na mBallstát teoranta.

Deimhnítear leis an bhfaisnéis a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin trí na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme údaráis inniúla na mBallstát, gur thosaigh údaráis inniúla na

mBallstát gníomhaíochtaí for-rochtana, seisiúin feasachta d'oibreoirí agus ullmhúcháin le haghaidh seiceálacha *ex post* in 2021. Tá méadú ag teacht ar líon údaráis inniúla na mBallstát a thosaigh seiceálacha *ex post* maidir le comhlíonadh in 2022, agus beartaíodh cuid mhór díobh a thabhairt i gcrích in 2023. Ar an iomlán, fuair an Coimisiún tuarascálacha cur chun feidhme ó 22 Bhallstát as na 27 mBallstát an 30 Meitheamh 2023.

Bhí sé beartaithe cheana féin ag 12 cheann de na 22 Bhallstát seiceálacha *ex post* a dhéanamh nó bhí siad tar éis tosú ar sheiceálacha *ex post* a dhéanamh: An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc (seiceálacha píolótacha), an Ghearmáin, Lucsamburg, Málta agus an Spáinn. Sa Pholainn, níor tosaíodh ar na seiceálacha ex post, toisc nach raibh an bunús reachtach dóibh i nDlí Náisiúnta na Polainne curtha i bhfeidhm go fóill[23]. D'fhógair an Phortaingéil go gcuirfeadh sí tús le seiceálacha ex post sa dara leath de 2023. Ní dhearnadh seiceálacha ex post i mBallstáit eile, toisc nár sainaithníodh aon allmhaireoir os cionn na dtairseach maidir le méid na n-allmhairí a leagtar síos sa Rialachán.

In 2022, bunaithe ar na sonraí custaim a sholáthair na Ballstáit a thuairiscigh faisnéis, sainaithníodh 8,286 hallmhaireoir de chuid an Aontais de mhianraí agus de mhiotail 3TG ar allmhairíodh 477 (6 %) díobh atá cothrom leis na tairseacha méide bliantúla nó os a gcionn. Tá tairseacha socraithe chun a áirithiú go gcomhfhreagraíonn allmhairí cumhdaithe do 95 % ar a laghad de mhéideanna iomlána 3TG a allmhairítear isteach san Aontas (féach mar thagairt roinn III. 4. b). Tá éagsúlacht mhór i measc na mBallstát maidir le líon na n-allmhaireoirí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin.

Deimhnítear leis na torthaí go bhfuil éagsúlacht mhór sa leibhéal comhlíontachta, agus níor thuairiscigh roinnt Ballstát aon toradh cinntitheach ar a seiceálacha ex post maidir le comhlíonadh ar chúiseanna iomadúla, lena n-áirítear forbairt leanúnach a gcórais iniúchóireachta inmheánaí, sannadh údaráis inniúil, nó toisc nach bhfuair siad na sonraí custaim ábhartha óna n-údaráis chustaim go dtí le déanaí.

Maidir le cur chun feidhme a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát, léirítear roinnt dúshlán sa staidéar seachtrach, agus sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme údaráis inniúla na mBallstát. Thuairiscigh na Ballstáit go mbraitheann formhór allmhaireoirí an Aontais laistigh de raon feidhme cheanglais díchill chuí an Rialacháin ar scéimeanna díchill chuí sa slabhra soláthair ar féidir leo comhlíonadh an Rialacháin a éascú. Níl an ghné éascaithe sin infheidhme go fóill, áfach, ós rud é nár aithin an Coimisiún aon scéim go dtí seo (Féach mar thagairt Roinn III 3 a). Dúshlán eile a d'ardaigh Ballstáit bheaga go háirithe is ea easpa acmhainneachta agus acmhainní údaráis inniúla na mBallstát chun an Rialachán a fhorfheidhmiú. Tá sé curtha in iúl ag údaráis inniúla na mBallstát go dtacaíonn siad le tuilleadh malartuithe dea-chleachtas agus le comhordú eatarthu. Chuir údaráis inniúla na mBallstát i dtábhacht freisin roinnt rioscaí a bhaineann le hallmhairí óir an Aontais (Féach mar thagairt roinn III 4. e.), chomh maith le dúshláin maidir le hinrianaitheacht a bhaineann le hábhair i bhfoirm athchúrsáilte nó le táirgí críochnaithe, nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin faoi láthair, go háirithe in earnáil an óir, áit a bhféadfadh baint a bheith ag an athchúrsáil le hábhair choinbhleachta.

[23] Ghlac rialtas na Polainne gníomh maidir le módúlachtaí chur chun feidhme an Rialacháin an 12 Márta 2024.

Leanfaidh na Ballstáit de bheith freagrach as cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin, de réir Airteagal 10 (3). Chun na malartuithe idir na Ballstáit a éascú agus chun tacú le cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin, tá uirlisí ábhartha tugtha isteach ag an gCoimisiún, go háirithe Cruinnithe ráithiúla an tSainghrúpa maidir le Foinsiú Freagrach Stáin, Tantalaim, Tungstain agus Óir (Grúpa Saineolaithe 3TG), chomh maith leis an obair leanúnach maidir le hardán a chur ar bun chun sonraí custaim ábhartha a mhalartú go slán i measc na mBallstát (Córas Faireacháin Freagrach ar Mhianraí). Sa staidéar athbhreithnithe sheachtraigh, sainaithníodh an Grúpa Saineolaithe 3TG mar ardán éifeachtach d'údaráis inniúla na mBallstát agus don Choimisiún chun bualadh le chéile, faisnéis a mhalartú agus chun cóineasú san fhorfheidhmiú a mhéadú.

Leis an obair leanúnach ar ardán chun sonraí custaim a mhalartú, atá sa chéim phíolótach faoi láthair, is féidir tacú le malartuithe na mBallstát arb é is aidhm dóibh faireachán a dhéanamh ar chleachtais imchéimnithe allmhaireoirí an Aontais agus iad a chosc. Go sonrach, cuirfidh an t-ardán ar chumas na mBallstát an fhaisnéis chustaim a bhaineann leis an gcuideachta allmhairiúcháin maidir leis na mianraí agus na miotail a chumhdaítear leis an Rialachán a roinnt agus dul i gcomhairle léi chun an riosca a íoslaghdú go ndéanfaidh allmhaireoirí lastais a roinnt agus a allmhairiú trí Bhallstáit éagsúla fanacht faoi na tairseacha méideanna allmhairiúcháin is infheidhme a fhorchuirtear leis an Rialachán.

3. Bearta tionlacain a ghabhann leis an Rialachán

Scrúdaítear sa roinn seo feidhmiú agus éifeachtacht na n-uirlisí éagsúla lena dtacaítear le cur chun feidhme an Rialacháin. Tá na huirlisí sin liostaithe sa tábla thíos.

Tábla 4 – Forléargas ar na huirlisí lena dtacaítear le cur chun feidhme an Rialacháin

Uirlisí a thacaíonn le cur chun feidhme	Tagairt sa Rialachán / Tuairisc
a. Scéimeanna Díchill Chuí an tSlabhra Soláthair agus Liosta na mBruithneoirí agus na nAthleádóirí Freagracha ("Liosta Bán an Aontais")	Aithris 14 agus Airteagal 8 den Rialachán, Aithris 16 agus Airteagal 9 den Rialachán
b. Liosta na Limistéar ina bhfuil Coinbhleacht agus na Limistéar Ardriosca (liosta CAHRAnna)	Airteagal 14 (2) den Rialachán; Moladh (AE) 2018/1149 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2018; Modheolaíocht agus liosta arna bhforbairt agus arna nuashonrú go rialta ag RAND Europe: CAHRAnna (cahraslist.net)
c. An Chomhpháirtíocht Eorpach um Mianraí Freagracha (EPRM)	Seoladh é in 2016 mar thionscnamh ilpháirtithe leasmhara agus é ag tabhairt faoi thionscadail in earnáil na mianadóireachta 3TG ag lucht ceirde agus ar mionscála. Fóram idir an tionscal, rialtais agus an tsochaí shibhialta.

	https://europeanpartnership-responsibleminerals.eu/
d. Bearta eile a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach an 5 Márta 2014[24]	Idirphlé beartais le tríú tíortha, Taidhleoireacht Amhábhar, Comhar um Fhorbairt le tríú tíortha. Ó 2021 i leith, Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Amhábhar le tríú tíortha[25].
e. An Córas Faisnéise um Fhreagracht i taobh Mianraí (ReMIS)	Uirlis dheonach ar líne do chuideachtaí iartheachtacha chun faisnéis a fhoilsiú maidir lena gcleachtais díchill chuí. Tá an uirlis réidh go teicniúil lena seoladh agus tá socruithe cosanta sonraí á dtabhairt chun críche ag an gCoimisiún leis na Ballstáit sula gcuirfear ReMIS ar fáil go poiblí.
f. An tairseach 'Due Diligence Ready!'	Agus béim shonrach á leagan ar FBManna, tá an uirlis 'Due Diligence Ready!' a d'fhorbair an Coimisiún i bhfeidhm agus úsáidtear í mar uirlis tacaithe sna hiarrachtaí chun dícheall cuí a thuiscint agus a chur chun feidhme. Tacaíonn an tairseach le FBManna chun an méid seo a leanas a dhéanamh: • foghlaim faoi na tairbhí is féidir leo a bhaint as dícheall cuí a dhéanamh ar a slabhraí soláthair • rioscaí agus tionchair ina slabhraí soláthair a bhaineann le foinsiú freagrach a thuiscint, a mheasúnú agus a mhaolú • Treoir ECFE um Dhícheall Cuí a thuiscint agus a chur chun feidhme agus foghlaim conas dícheall cuí a dhéanamh maidir le foinsiú freagrach mianraí (baineann Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le gach mianra. Léirigh taighde agus páirtithe leasmhara a cuireadh faoi agallamh go raibh gá le níos mó tacaíochta céim ar chéim agus tacaíocht níos spriocdhírithe tríd an uirlis. https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/raw-materials/due-diligence-ready_ga

[24] TEACHTAIREACHT COMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Foinsiú freagrach mianraí de thionscnamh limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus limistéar ardriosca I dtreo chur chuige comhtháite AE, JOIN/2014/08 final.

[25] Taidhleoireacht amhábhar - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

a. Aitheantas a thabhairt do scéimeanna díchill chuí agus do "Liosta Bán" an Aontais

Aithnítear sa Rialachán gur féidir le scéimeanna díchill chuí comhlíonadh cheanglais an Rialacháin ag allmhaireoirí an Aontais a éascú. De réir Airteagail 3 agus 8, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena n-aithneofar scéimeanna díchill chuí sa slabhra soláthair bunaithe ar iarratais ó úinéirí scéime. Leagtar amach an próiseas measúnaithe agus na critéir maidir le haitheantas féideartha scéimeanna i Rialachán Tarmligthe[26], atá bunaithe ar an modheolaíocht a d'fhorbair ECFE chun measúnú a dhéanamh ar scéimeanna díchill chuí le haghaidh mianraí, rud a áirithíonn go gcomhlíonann na scéimeanna sin caighdeáin an Rialacháin go héifeachtach.

Faoi láthair, tá measúnú á dhéanamh ar chúig scéim le haghaidh aitheantais, agus níl aon scéim aitheanta go dtí seo. Tá na measúnuithe bunaithe ar athbhreithniú domhain ar dhoiciméadacht, ar agallaimh le páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis na scéimeanna agus ar fhíorú ar an láthair, ar a dtugtar "scáth-iniúchtaí". Scrúdaíonn siad beartais agus caighdeáin na scéimeanna agus conas a chuirtear chun feidhme iad. Bhí tionchar mór ag paindéim Covid19 ar an sceideal le haghaidh measúnuithe, agus go háirithe le haghaidh na "scáth-iniúchtaí", rud a d'fhág go raibh moill ar na próisis mheasúnaithe. Is tosca cinntitheacha freisin iad déine riachtanach na gcritéar, céimeanna éagsúla an nós imeachta agus an gá atá le measúnuithe críochnúla a dhéanamh chomh maith leis an bhféidearthacht iad a athchur i bhfeidhm le linn thréimhse an phróisis aitheantais.

Deimhníonn agallaimh le cuideachtaí go bhfuil go leor acu ina mbaill de scéimeanna cheana féin nó go n-ailíníonn siad a gcleachtais leis na scéimeanna sin, cé nach bhfuil siad aitheanta go fóill. Cé gur luaigh roinnt páirtithe leasmhara costas scéimeanna díchill chuí mar thoisc theorannaithe féideartha maidir le comhlíonadh, is cosúil go bhfuil na costais mheasta comhréireach ó thaobh airgeadais de do go leor gníomhaithe.

Ina theannta sin, chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl a thábhachtaí atá trédhearcacht na scéimeanna. Is féidir le scéimeanna rochtain ar fhaisnéis maidir le tionscnamh na n-ábhar a éascú chun comhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla an Rialacháin a dheimhniú. Mar sin féin, i bhformhór na seiceálacha *ex post* a rinne údaráis inniúla na mBallstát ar allmhaireoirí de chuid an Aontais atá rannpháirteach i scéimeanna díchill chuí sa slabhra soláthair, ní fhéadfadh na hallmhaireoirí faisnéis faoin tír thionscnaimh a sholáthar do na húdaráis, mar a cheanglaítear le hAirteagal 4 den Rialachán. Ba cheart rannpháirtíocht agus malartú níos dlúithe idir údaráis inniúla na mBallstát, allmhaireoirí de chuid an Aontais agus scéimeanna maidir leis na dúshláin trédhearcachta sin a spreagadh a thuilleadh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, d'ainneoin aitheantas a thabhairt do scéimeanna mar uirlis chun cur chun feidhme a éascú, go gcoinníonn allmhaireoirí de chuid an Aontais an fhreagracht aonair chun ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh gan beann ar cé acu atá siad mar chuid de scéimeanna aitheanta nó nach bhfuil. Dá bhrí sin, is féidir leis na scéimeanna a

[26] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/429 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an modheolaíocht agus na critéir chun measúnú agus aitheantas a dhéanamh ar scéimeanna díchill chuí sa slabhra soláthair maidir le stán, tantalam, tungstan agus ór, IO L 75, 19.3.2019, lgh. 59–65.

bheith ina n-uirlisí chun comhlíonadh allmhaireoirí de chuid an Aontais a éascú, ach ní scaoiltear iad óna bhfreagracht aonair dícheall cuí a dhéanamh.

Foráiltear leis an Rialachán go nglacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ina leagfar amach liosta de bhruithneoirí agus d'athleádóirí freagracha de réir Airteagal 9 den Rialachán. Chun an liosta a tharraingt suas, cuirfidh an Coimisiún san áireamh bruithneoirí agus athleádóirí atá cumhdaithe ag scéimeanna aitheanta díchill chuí, chomh maith le faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit. Ós rud é nár aithníodh aon scéim go dtí seo, níor dréachtaíodh liosta an Aontais go fóill.

b. Liosta CAHRAnna

Déantar foráil sa Rialachán do chúnamh d'oibreoirí eacnamaíocha chun CAHRAnna a shainaithint. De bhun Airteagal 14, d'fhorbair an Coimisiún Eorpach treoirlínte neamhcheangailteacha chun CAHRAnna agus rioscaí eile sa slabhra soláthair a shainaithint[27]. Chuir sé de chúram freisin ar RAND na hEorpa saineolas seachtrach a sholáthar i bhfoirm modheolaíochta chun tíortha atá le cur ar liosta CAHRA a chinneadh, agus chun liosta táscach, neamh-uileghabhálach agus a nuashonraítear go rialta de limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus de limistéir ardriosca a sholáthar[28]. Mar a cuireadh i bhfios go láidir cheana féin i bhfonóta 4 thuas, ní hionann an liosta CAHRA a sholáthraíonn an saineolas seachtrach (agus an fhaisnéis a sholáthraítear ar an suíomh gréasáin tiomnaithe don liosta sin) agus tuairim oifigiúil ón gCoimisiún Eorpach nó ón Aontas maidir le cé acu atá nó nach bhfuil réigiún nó limistéar sonrach ina réigiún nó limistéar CAHRA mar a shainmhínítear in Airteagal 2(f) de Rialachán (AE) 2017/821. Mar sin féin, feidhmíonn an liosta CAHRA mar uirlis oibríochtúil chun iarrachtaí maolaithe riosca a threorú agus chun é a chur ar a gcumas do chuideachtaí dícheall cuí a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Rialachán ón Aontas.

Le limistéar a áireamh ar an liosta mar limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus/nó mar limistéar ardriosca, ní thoirmisctear, ní thugtar le tuiscint ná ní mholtar nár cheart gníomhaíochtaí gnó a dhéanamh sa réimse sin. Cuireann an liosta ar chumas cuideachtaí na réimsí sin a shainaithint inar cheart dóibh dícheall cuí rioscabhunaithe a dhéanamh chun 3TGnna a fhoinsiú nó leanúint dá bhfoinsiú le cabhair ó phróisis chuideachta díchill chuí.

Deimhníonn cuideachtaí a cuireadh faoi agallamh i gcomhthéacs an staidéir sheachtraigh gur uirlis úsáideach é an liosta CAHRAnna chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le coinbhleachtaí réigiúnacha. Tuairiscíonn roinnt freagróirí go n-úsáideann siad é in éineacht le liostaí eile le haghaidh CAHRAnna amhail an liosta a tháirgtear leis an Tionscnamh um Fhreagracht i dtaobh Mianraí. Mhol páirtithe leasmhara eile go bhféadfaí feasacht ar an liosta a fheabhsú. Deimhnítear leis na hagallaimh freisin go bhfuil sé tábhachtach leanúint de bhéim a leagan ar chineál táscach neamh-uileghabhálach an liosta. Maidir le hábhar an liosta, mhol roinnt páirtithe leasmhara breithniú a dhéanamh ar athruithe teicniúla lena n-áirítear minicíocht an nuashonraithe agus na nuashonruithe ar an modheolaíocht chun na limistéir gheografacha a bheachtú, chomh maith le breithniú a dhéanamh ar thíortha idirthurais a áireamh ar an liosta.

[27] Moladh (AE) 2018/1149 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2018 *maidir le treoirlínte neamhcheangailteacha chun limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus limistéir ardriosca agus rioscaí eile sa slabhra soláthair a shainaithint faoi Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, IO L 208, 17.8.2018, lgh. 94–106.
[28] Tá an liosta le fáil ar https://www.cahraslist.net/.

c. An Chomhpháirtíocht Eorpach um Fhreagracht i dtaobh Mianraí (EPRM)

Seoladh an Chomhpháirtíocht Eorpach um Fhreagracht i dtaobh Mianraí (EPRM) in 2016 chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin atá le teacht trí i) táirgeadh freagrach, ii) foinsiú freagrach, agus iii) táirgeadh agus foinsiú a nascadh. Is tionscnamh ilpháirtithe leasmhara é EPRM, arna mhaoiniú den chuid is mó ag an gCoimisiún Eorpach agus ag roinnt Ballstát, agus feidhmíonn sé mar fhóram idir an tionscal, na rialtais agus an tsochaí shibhialta. Is é is aidhm dó acmhainneacht a fhorbairt maidir le cleachtais díchill chuí ar fud shlabhra soláthair 3TG.

Tá dhá phríomhchuspóir ag EPRM. Is é an chéad cheann tacú le FBManna dícheall cuí a dhéanamh, trí uirlisí amhail an 'Seiceáil maidir le Dícheall Cuí' lena gcuirtear ceistneoir ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú cuideachtaí le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí agus lena gcuirtear comhairle nithiúil ar fáil chun cleachtais a fheabhsú agus an 'Mol maidir le Díchill Chuí' lena gcuirtear faisnéis shaincheaptha ar fáil chun dícheall cuí a dhéanamh. Is é an dara cuspóir tacú le mianadóireacht ag lucht ceirde agus ar mionscála chun táirgeadh níos freagraí a dhéanamh agus rochtain a fháil ar mhargaí foirmiúla ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Chuige sin, maoiníonn EPRM tionscadail i CAHRAnna agus is é is aidhm dó dea-chleachtais agus comhoibriú a fhorbairt feadh gníomhaithe 3TG sa slabhra soláthair chun cleachtais fhreagracha a neartú[29].

Thar na blianta, tá eolas maidir le dícheall cuí forbartha ag EPRM, tá fóram curtha ar fáil aige le haghaidh pléití ilpháirtithe leasmhara, agus dheimhnigh sé breisluach na tacaíochta do dhícheall cuí réamhtheachtach trí thionscadail ar an talamh. Tá méadú suntasach tagtha ar sheachadadh na dtorthaí, go háirithe ó 2021 i leith. Is cosúil freisin go bhfuil an chomhpháirtíocht ailínithe níos fearr le tosaíochtaí an Aontais.

I measc na réimsí ar gá tuilleadh feabhais a chur orthu tá an gá atá le bonn na ballraíochta a mhéadú, a fhoinsí cistiúcháin a éagsúlú, for-rochtain chuig tíortha táirgthe a mhéadú, an fócas ar inbhuanaitheacht a neartú agus feabhas a chur ar a chumas faireacháin agus meastóireachta ar a ghníomhaíochtaí féin. Leagtar béim freisin sna comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ar an deis chun an próiseas iarratais ar chistiú deontais EPRM a éascú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do pháirtithe leasmhara ó CAHRAnna, chun tuilleadh oiliúna a chur ar ghníomhaithe an tslabhra soláthair áitiúil i CAHRAnna maidir le sásraí díchill chuí, i gcomhpháirt le scéimeanna tionscail comhoibríocha b'fhéidir, agus chun naisc idir tairbhithe agus oibreoirí eacnamaíocha a leathnú.

d. Bearta eile a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach an 5 Márta 2014 – Taidhleoireacht Amhábhar

Maidir le Taidhleoireacht Amhábhar agus comhar um fhorbairt thar chláir atá ann cheana amhail EPRM, tá go leor gníomhaíochtaí déanta ag an Aontas chun tacú le forbairt inbhuanaithe earnáil na mianadóireachta i dtíortha comhpháirtíochta. Tá tantalam agus tungstan, dhá cheann de na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán, ar liosta an Aontais d'Amhábhair Chriticiúla freisin agus dá bhrí sin tagann siad faoi raon feidhme iarrachtaí níos leithne an Aontais i réimse

29Le linn na tréimhse 2017-2020, dhámh EPRM 18 ndeontas nó cineálacha eile fóirdheontas tionscadail le caiteachas iomlán €6 mhilliún. Roghnaíodh trí thionscadal phíolótacha bhreise agus cuireadh tús lena gcur chun feidhme go luath in 2022, agus seoladh Glao eile ar Thogra i samhradh 2023.

Amhábhar Criticiúil. Príomhshampla amháin de na hiarrachtaí sin, atá mar chuid de ghné sheachtrach an Ghnímh Eorpaigh um Amhábhair Chriticiúla[30] is ea an obair ar Chomhpháirtíochtaí Straitéiseacha a thabhairt i gcrích maidir le slabhraí luacha amhábhar idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha.

Tá na Comhpháirtíochtaí sin bunaithe ar Mheabhrán Tuisceana (MT) déthaobhach agus neamhcheangailteach agus ar threochlár de ghníomhaíochtaí nithiúla atá le comhaontú laistigh de 6 mhí ó thabhairt i gcrích an Mheabhráin Tuisceana. Is é is aidhm do phríomhcholúin na Meabhrán Tuisceana sin caighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais agus cleachtais fhreagracha mhianadóireachta a chur chun cinn, cistiú a shlógadh don bhonneagar ábhartha, acmhainneacht a fhothú, comhoibriú ar thaighde agus ar nuálaíocht agus slabhraí luacha amhábhar a chomhtháthú trí rannpháirtíocht ghnó agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chothú.

Go dtí seo, tá Comhpháirtíochtaí sínithe cheana féin ag an Aontas leis an Airgintín, leis an Astráil, le Ceanada, leis an tSile, le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, leis an nGraonlainn, leis an gCasacstáin, leis an Namaib, leis an Iorua, le Ruanda, leis an Úcráin, leis an Úisbéiceastáin agus leis an tSaimbia, agus tá tuilleadh Comhpháirtíochtaí ar na bacáin, go háirithe le tíortha eile san Afraic.

Tá an obair sin ar Chomhpháirtíochtaí Straitéiseacha comhlántach le haidhmeanna Theachtaireacht Chomhpháirteach an 5 Márta 2014 agus an Ghnímh Eorpaigh um Amhábhair Chriticiúla, agus é de chuspóir aici foinsiú freagrach amhábhar a chur chun cinn. Tacaítear leis an obair sin freisin nuair is iomchuí trí idirphlé polaitiúil a choinníonn an tAontas ar bun le tíortha atá ábhartha ó thaobh slabhraí luacha um fhreagracht i dtaobh mianraí.

e. An Córas Faisnéise um Fhreagracht i dtaobh Mianraí (ReMIS)

Cé nach leagtar síos leis an Rialachán oibleagáidí ceangailteacha díchill chuí d'oibreoirí eacnamaíocha iartheachtacha, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar ghlacadh díchill chuí ag na hoibreoirí sin (Airteagal 17(2) den Rialachán). Chun an measúnú sin a dhéanamh, tá an Córas Faisnéise um Fhreagracht i dtaobh Mianraí – ReMIS á chur ar bun ag an gCoimisiún. Is uirlis dheonach ar líne é sin do chuideachtaí iartheachtacha chun faisnéis a fhoilsiú maidir lena gcleachtais díchill chuí. Tá ReMIS réidh go teicniúil le seoladh agus tá socruithe cosanta sonraí á dtabhairt chun críche ag an gCoimisiún leis na Ballstáit. Ós rud é nár seoladh ReMIS go fóill, níorbh fhéidir leis an gcéad athbhreithniú sin measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar ghlacadh díchill chuí ag cuideachtaí iartheachtacha.

f. An tairseach 'Due Diligence Ready!'

Tá an tairseach 'Due Diligence Ready!'[31] forbartha go sonrach ag an gCoimisiún chun cabhrú le cuideachtaí mianraí agus miotail a fhoinsiú go freagrach agus, más infheidhme, ceanglais rialála a chomhlíonadh, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2017/821. Cuirtear faisnéis ghinearálta[32] ar fáil ar an tairseach maidir le hoibleagáidí díchill chuí chomh maith le sraith uirlisí[33] chun

[30] COM(2023)160 final, https://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:903d35cc-c4a2-11ed-a05c-01aa75ed71a1.0001.02/DOC_1&formáid=PDF
[31] https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/raw-materials/due-diligence-ready_ga
[32] https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/raw-materials/due-diligence-ready/about_ga
[33] https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/raw-materials/due-diligence-ready/due-diligence-toolbox_ga

cabhrú leis an sreabhadh oibre díchill chuí. Cuireann sé ábhar oiliúna Webinars agus PowerPoint[34] ar fáil freisin lena íoslódáil i seacht dteanga (Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Polainnis, Portaingéilis agus Spáinnis). Ina theannta sin, cuireann an tairseach ábhar oiliúna (taifeadta) ar fáil, i measc nithe eile bunaithe ar sheisiún fíorúil arna óstáil i mí an Mheithimh 2023, atá dírithe ar FBManna san Eoraip agus ar chomhlachais tionscail. Ba é cuspóir an tseisiúin oiliúna fhíorúil sin:

- Comhthéacs Rialachán an Aontais a leagan síos lena bhféachfar ar chuspóirí, raon feidhme agus staid na himeartha.
- Treoir phraiticiúil a chur ar fáil do FBManna chun dícheall cuí a chur chun feidhme ina gcuideachtaí féin.
- Moltaí a dhíriú ar chomhthéacs FBManna san Eoraip, ar dóichí go mbeidh orthu déileáil le hacmhainní teoranta chun cleachtais díchill chuí a chur chun feidhme.
- Cuir i gcuimhne do chuideachtaí na huirlisí atá ar fáil san earnáil chun tacú leo, agus go bhfuil sé d'aidhm ag tairseach "Dícheall Cuí Réidh!" iad a bhailiú in aon áit amháin chun go mbeidh rochtain éasca ag cuideachtaí orthu. Ba cheart dó a mheabhrú freisin do sheirbhís chomhairleach FBManna, áit ar féidir le cuideachtaí ceisteanna a chur.

Seoladh seirbhís comhairle ríomhphoist saor in aisce[35] i mí Feabhra 2023, trína raibh saineolaithe tionscadail ar fáil chun míniú agus treoir a thabhairt do FBManna a allmhairíonn 3TGanna maidir le conas an Rialachán a chur chun feidhme. Tá an chomhairle ríomhphoist sin ar fáil i seacht dteanga freisin.

Léirigh taighde a rinneadh chun críocha an staidéir sheachtraigh ar an athbhreithniú ar an Rialachán, chomh maith le páirtithe leasmhara a cuireadh faoi agallamh, go sonrach a thábhachtaí atá tacaíocht spriocdhírithe tríd an uirlis, a bhfuil feabhsuithe agus nuashonruithe leanúnacha á ndéanamh uirthi.

4. Gnéithe breise den athbhreithniú a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar éifeachtacht an Rialacháin

Sa bhreis ar na gnéithe a fhorordaítear go sainráite in airteagal athbhreithnithe an Rialacháin, rinneadh scrúdú san athbhreithniú ar shaincheisteanna breise a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht an Rialacháin. Áirítear orthu sin measúnú maidir le cumhdach an Rialacháin atá ann cheana (rioscaí a bhaineann le tairseacha agus le trádáil aindleathach in ór), an raon feidhme i dtéarmaí mianraí agus rioscaí a chumhdaítear leis na hoibleagáidí díchill chuí, chomh maith leis na hidirnaisc a d'fhéadfadh a bheith ann le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais san earnáil eastósctha (an Rialachán maidir le Ceallraí, an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla, an Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach).

Tairseacha maidir le méid allmhairí

Tá raon feidhme domhanda ag an Rialachán, i.e. tá aon allmhaireoir 3TG gan beann ar thionscnamh lena mbaineann méid bliantúil allmhairí a sháraíonn na tairseacha a bhunaítear in

[34] https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/raw-materials/due-diligence-ready/training-and-events_ga
[35] https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/raw-materials/due-diligence-ready/about_ga#free-email-advisory

Iarscríbhinn I faoi réir na n-oibleagáidí díchill chuí. Níl oibleagáid dhlíthiúil faoin Rialachán ar allmhaireoirí a thagann faoi bhun na dtairseach sin, ach moltar dóibh dícheall cuí a dhéanamh ar bhonn deonach. Socraíodh na tairseacha san Iarscríbhinn chun a áirithiú go gcomhfhreagraíonn allmhairí cumhdaithe do 95 % ar a laghad de mhéideanna iomlána 3TG a allmhairítear isteach san Aontas, ionas go gcumhdaítear formhór mór na n-allmhairí leis na ceanglais díchill chuí agus, ag an am céanna, go seachnaítear ualach riaracháin gan údar ar FBManna agus ar allmhaireoirí ísealtáirgeachta.

Cé gurb í conclúid an staidéir sheachtraigh gur féidir leis na tairseacha an cuspóir a bhaint amach go héifeachtach maidir le FBManna a shaoradh ó ualach riaracháin iomarcach, tá imní curtha in iúl ag páirtithe leasmhara go bhféadfadh cleachtais imchéimnithe ag allmhaireoirí an Aontais a bheith mar thoradh ar na tairseacha atá ann cheana. Ina theannta sin, chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl go raibh imní orthu go n-eisiatar allmhairí ardriosca leis na tairseacha a bunaíodh, agus iad á ndíolmhú ó cheanglais díchill chuí. Tá an t-ábhar imní sin ábhartha go háirithe i gcás óir, i bhfianaise an luacha airgeadaíochta a d'fhéadfadh a bheith ard d'allmhairí ísealtáirgeachta a thiteann faoi bhun na dtairseach, chomh maith leis an bhfíoras go bhféadfadh allmhairí ardriosca a bheith bainteach freisin le cainníochtaí allmhairí atá réasúnta íseal.

Ní mór faireachán cúramach a dhéanamh ar na saincheisteanna sin. Mar sin féin, níl aon fhianaise shoiléir ann faoi láthair maidir le cleachtais imchéimnithe (e.g. allmhairí a roinnt ar roinnt allmhaireoirí chun fanacht faoi bhun na dtairseach) arna sainaithint sa staidéar seachtrach nó arna dtuairisciú don Choimisiún ag údaráis inniúla na mBallstát. Tá an Coimisiún agus na Ballstáit ag obair go dlúth chun faireachán leanúnach ar phatrúin allmhairiúcháin a áirithiú. Tá uirlis TF á hullmhú ag an gCoimisiún go háirithe, an Uirlis Faireacháin um Fhreagracht i dtaobh Mianraí, ardán ar líne lena gceadófaí malartú slán sonraí custaim i measc údaráis inniúla na mBallstát.

I bhfianaise na heaspa sonraí leordhóthanacha go dtí seo, thángthas ar an gconclúid sa staidéar go bhfuil sé róluath breithniú a dhéanamh ar na tairseacha a mhodhnú nó ar mhodheolaíocht ríofa na tairsí a athbhreithniú. Dá bhrí sin, díreofar sna hiarrachtaí cur chun feidhme ar mhalartú faisnéise idir údaráis inniúla na mBallstát a éascú d'fhonn feabhas a chur ar acmhainneachtaí faireacháin agus ar léargais chainníochtúla ar shonraí trádála dírí agus indírí, ar infheistíocht agus ar threochtaí comhroinnte brabúis; ar an gcaoi sin, féadfar anailís níos doimhne a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na tairseacha amach anseo.

Trádáil aindleathach in ór

Aithnítear sa Rialachán go nascann trádáil aindleathach tomhaltóirí go hindíreach le coinbhleachtaí a mbíonn tionchar tromchúiseach acu ar chearta an duine lasmuigh den Aontas. Cuirtear i dtábhacht sa staidéar seachtrach go bhfuil ról ag moil idirthurais i slabhraí soláthair domhanda 3TG trí ór a d'fhéadfaí a fhoinsiú agus a thrádáil go haindleathach a nascadh le margadh an Aontais.

Tá saincheist na trádála aindleathaí thar a bheith casta agus iltoiseach, go háirithe i gcás an óir mar gheall ar a shaintréithe bunúsacha. Tá dícheall cuí ar cheann de na huirlisí atá ar fáil sna hiarrachtaí idirnáisiúnta chun smuigleáil a chomhrac. I ndáil leis an méid sin, tá ionstraimí ann amhail scéimeanna díchill chuí agus sásraí inrianaitheachta chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar rioscaí na trádála aindleathaí ag céimeanna éagsúla den slabhra soláthair. Is féidir ról

dearfach a bheith ag uirlisí laistigh de chreat an Rialacháin chun dul i ngleic le trádáil aindleathach chuig an Aontas. Mar shampla, trí thíortha idirthurais trasteorann agus moil eile mianraí agus miotal allmhairithe ó CAHRAnna a áireamh i liosta CAHRA, d'fhéadfaí rannchuidiú le measúnú níos críochnúla a dhéanamh ar thionscnamh na miotal/mianraí ag ceannaitheoirí.

Raon feidhme ábhartha

Leagtar síos sa Rialachán oibleagáidí díchill chuí maidir le ceithre mhianra agus ceithre mhiotal: stán, tantalam, tungstan agus ór. Tá trí chúis leis an rogha sin tráth a glacadh an Rialachán. Ar an gcéad dul síos, is iad 3TG na ceithre mhianra is minice a bhaineann le coinbhleachtaí armtha agus sáruithe gaolmhara ar chearta an duine. Ar an dara dul síos, baineann an Rialachán leas as prionsabail sheanbhunaithe Threoir ECFE um Dhícheall Cuí. Cé go bhfuil feidhm ag an Treoir i bprionsabal maidir le gach mianra, tá dhá fhorlíonadh ann a bhaineann go sonrach le 3TG, atá curtha in oiriúint do na dúshláin a bhaineann le struchtúr shlabhraí soláthair na gceithre mhianra sin. Ar an tríú dul síos, tá raon feidhme an Rialacháin ailínithe le hiarrachtaí comhpháirtithe eile – mar shampla, tá reachtaíocht ag na Stáit Aontaithe freisin maidir le mianraí coinbhleachta: Cumhdaítear le hAlt 1502 den Dodd-Frank Wall Street Reform and Consumer Act, 2010 na ceithre tháirge chéanna, cé go bhfuil raon feidhme geografach níos cúinge aige (toisc go ndíríonn sé ar PDC agus ar thíortha comharsanacha).

Lasmuigh de 3TG, d'fhéadfadh baint a bheith ag mianraí agus miotail eile atá ríthábhachtach don aistriú glas agus don aistriú digiteach le rioscaí a bhaineann le coinbhleacht, mar gheall ar an éileamh mór atá orthu faoi láthair agus mar a mheastar a bheidh orthu agus toisc go bhfuil fosuithe móra ann i réigiúin atá leochaileach ó thaobh na sochaí agus/nó an chomhshaoil de. Ar an gcúis sin, féachadh san athbhreithniú le hanailís a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh gá le mianraí/miotail eile a thabhairt faoi raon feidhme an Rialacháin chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir le cosc a chur ar mhaoiniú grúpaí armtha agus fórsaí slándála i CAHRAnna atá saibhir ó thaobh acmhainní de. Go sonrach, rinneadh measúnú sa staidéar seachtrach ar chóbalt, copar, litiam agus nicil i dtéarmaí a struchtúir táirgthe agus a nochta do rioscaí inchomparáide mar 3TG. Tá na ceithre mhianra sin ar liosta an Aontais d'amhábhair chriticiúla, agus meastar gur amhábhair straitéiseacha iad copar, litiam agus nicil freisin[36]. Dá bhrí sin, tagann siad faoi raon feidhme an Ghnímh um Amhábhair Chriticiúla. Thairis sin, tá cóbalt, litiam agus nicil faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le Ceallraí agus, dá bhrí sin, cumhdaítear iad leis na ceanglais díchill chuí a chumhdaítear ann.

Is miotal ilúsáide é **cóbalt** a úsáidtear i bhfeidhmeanna éagsúla, lena n-áirítear i gceallraí agus sna hearnálacha aeraspáis, cosanta agus leighis chomh maith. Soláthraíonn PDC níos mó ná 70 % den mhargadh domhanda. Eastósctar an mianra go príomha mar sheachtháirge mianadóireachta copair ar mhórscála i gcúigí theas Haut-Katanga agus Lualaba nach bhfuil láithreacht shuntasach grúpaí armtha neamhstáit acu. Rialaíonn an tSín 70 % de phróiseáil dhomhanda na n-idirmheánach cóbailt[37] agus tá ionadaíocht mhaith aici i mianadóireacht cóbailt agus tá 15 de na 19 n-oibríocht thionsclaíocha arna rialú ag leasanna na Síne, agus is iad

[36] Amhábhair chriticiúla - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[37] Andrew Gulley, (2022) "One hundred years of cobalt production in the Democratic Republic of the Congo". [Céad bliain de tháirgeadh cóbailt i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó".] *Beartas Acmhainní* 79: 103007; IEA (2021) "The Role of Critical Minerals in Clean Energy Transitions". [Ról na Mianraí Criticiúla in Aistrithe chuig Fuinneamh Glan]..

athleádóirí Síneacha is mó a cheannaíonn táirgeadh mianadóireachta ag lucht ceirde, lena n-áirítear Huayou Cobalt.[38] Úsáidtear formhór an tsoláthair cóbailt i monarú ceallraí, go háirithe le haghaidh ceallraí ian litiam, a úsáidtear i leictreonaic tomhaltóra, i bhfeithiclí leictreacha agus i gcórais stórála fuinnimh.

Is miotal é **copar** a úsáidtear go forleathan i dtrealamh leictreach, i dtógáil, in innealra tionsclaíoch agus i gcóimhiotail. Is í an tSile is mó a dhéanann táirgeadh copair, agus oibríochtaí tionsclaíocha ollmhóra inti amhail mianaigh Escondida nó Andina. Faoi láthair, tá mianaigh nua á n-oscailt i bPeiriú, san Indinéis agus sa Mhongóil[39], agus meastar go mbeidh Poblacht Dhaonlathach an Chongó ar an dara táirgeoir copair domhanda faoi 2026.[40] Mar phríomh-mhiotal, is minic a bhíonn eastóscadh copair nasctha le heastóscadh cóbailt, mar is amhlaidh i gCrios copair PDC. Cé gur trí mhianadóireacht mhórscála a bhaintear an chuid is mó de mhianach copair, is ann do tháirgeadh copair ag lucht ceirde freisin toisc gur minic a bhíonn mianadóirí ag dul siar is aniar idir copar agus cóbalt ag brath ar phraghsanna domhanda.

Is miotal éadrom é **litiam** a úsáidtear i gceallraí ian litiam, go háirithe d'fheithiclí leictreacha.[41] Úsáidtear litiam freisin i gcóimhiotail, gloine, earraí ceirmeacha, bealaí agus cógaisíocht. Tá sé le fáil go príomha i gcarraigeacha bruthacha (spodaiméin) agus fuaráin mhianracha (sáile), agus an chuid is mó dá tháirgeadh ag teacht ón Astráil agus ón tSile. Tá an lámh in uachtar ag cúpla tír ar na cúltaiscí domhanda litiam, lena n-áirítear an tSile, an Airgintín agus an Bholaiv.[42] Chun mianadóireacht a dhéanamh ar litiam ní mór eastóscadh meicnithe ar mhórscála mar gheall ar fhosuithe ar ghrád íseal, rud a fhágann nach bhfuil sé chomh hoiriúnach do mhianadóireacht ag lucht ceirde agus ar mionscála. Mar sin féin, agus fionnachtana suntasacha ann le déanaí i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó[43] agus sa tSiombáib,[44] tá earnáil mianadóireachta ag lucht ceirde ag forbairt sna tíortha sin.

Is dúil mhiotail í **nicil** a úsáidtear go forleathan, atá ríthábhachtach d'fhás plandaí agus a fhaightear go coitianta i gcruach dhosmálta agus i gceallraí feithiclí leictreacha. Faoi láthair, baintear nicil den chuid is mó i suíomhanna tionsclaíocha san Indinéis, sna hOileáin Fhilipíneacha, sa Rúis agus i gcríoch thar lear na Fraince sa Nua-Chaladóin.[45] Tá mianadóireacht nicil ag lucht ceirde tugtha faoi deara sna hOileáin Fhilipíneacha agus san Indinéis. Ní thugtar le fios in aon staidéar go bhfuil úsáid chórasach á baint as fáltais nicile chun grúpaí armtha a chistiú. Éilíonn mianadóireacht nicile infheistíocht shuntasach agus próisis mheicnithe, rud a chuireann teorainn le mianadóireacht ag lucht ceirde.

---

[38] Dionne Searcey, Michael Forsythe, agus Eric Lipton, "A Power Struggle Over Cobalt Rattles the Clean Energy Revolution"[Baineann Coimhlint Chumhachta i dtaca le Cóbalt Croitheadh as Réabhlóid an Fhuinnimh Ghlain], *New York Times*, 20 Samhain 2021.

[39] An Fóram Eacnamaíoch Domhanda (2022), "Which countries produce the most copper" [Cé na tíortha is mó a tháirgeann copar].

[40] *Reuters* (2023) "Congo could seize Peru's No. 2 copper spot as Andean output slows". [D'fhéadfadh an Congó an dara áit i bPeiriú le haghaidh copair a urghabháil de réir mar a thagann moilliú ar aschur na nAindéas.]

[41] World Economic Forum. [An Fóram Eacnamaíoch Domhanda.] 2023. Taispeántar sa chairt seo na tíortha is mó a tháirgeann litiam.

[42] Natural Resources Canada. n.d., "Lithium Facts." [Acmhainní Nádúrtha Cheanada. n.d., Fíorais maidir le Litiam.]

[43] *Resource World Magazine*, "Tantalex Lithium's Titan plant construction 80 % complete, DRC", 2023.[80 % de thógáil gléasra Titan de chuid Tantalex Lithium]

[44] *Reuters*, "Premier African Minerals completes Zimbabwe lithium plant, production imminent" , 2023. [Tugtar chun críche gléasra litiam na Siombáibe le Príomh-Mhianraí na hAfraice, táirgeadh ar na bacáin].

[45] Natural Resources Canada. n.d. "Nickel facts." [Acmhainní Nádúrtha Cheanada. n.d. "Fíorais maidir le nicil"].

Cé go bhfuil dícheall cuí maidir le slabhraí soláthair agus luacha an-ábhartha freisin do mhiotail agus mianraí eile, níl sé inmholta raon feidhme an Rialacháin a leathnú ag an gcéim seo ar dhá phríomhchúis. Ar an gcéad dul síos, tá dúshláin éagsúla ag baint leis na mianraí/miotail eile ó thaobh struchtúr táirgthe (mianadóireacht ar mhórscála den chuid is mó), naisc slabhra luacha agus rioscaí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann. Ar an dara dul síos, tá feidhm ag píosaí eile reachtaíochta (nó beidh feidhm acu) maidir leis na mianraí/miotail eile sin – go háirithe an Rialachán maidir le Ceallraí agus an Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach (Féach mar thagairt an roinn thíos). Go háirithe, liostaítear in Iarscríbhinn X den Rialachán maidir le Ceallraí na catagóirí riosca agus na hionstraimí díchill chuí a aithnítear go hidirnáisiúnta is infheidhme maidir leis na ceanglais díchill chuí a leagtar síos sa Rialachán maidir le Ceallraí agus lena gcumhdaítear go sonrach cóbalt, nicil, graifít nádúrtha agus litiam. Áirítear ar na catagóirí sin cearta an duine, amhail saothar leanaí agus saothar éignithe (Iarscríbhinn X, pointe 2(b)). Liostaítear Treoir ECFE um Dhícheall Cuí i dtaca le Dícheall Cuí do Shlabhraí Soláthair Freagracha Mianraí ó Limistéir ina bhfuil Coinbhleacht agus ó Limistéir Ardriosca freisin faoi phointe 4 (f) mar cheann de na hionstraimí ábhartha is infheidhme a aithnítear go hidirnáisiúnta. Dá bhrí sin, cé nach bhfuil forluí idir raon feidhme ábhartha an dá Rialachán, tugann na hoibleagáidí díchill chuí sa dá ionstraim aghaidh ar rioscaí Iarscríbhinn II de Threoir ECFE um Dhícheall Cuí.

Dá bhrí sin, dá gcuirfí miotail bhreise le raon feidhme an Rialacháin, d'fhéadfaí ceanglais i reachtaíocht eile de chuid an Aontais a dhúbláil agus d'fhéadfadh an baol a bheith ann go mbeadh an tírdhreach rialála do ghníomhaithe eacnamaíocha casta agus mearbhall a chruthú maidir leis na bealaí inar cheart dícheall cuí maidir le mianraí a dhéanamh. Mar thoradh air sin, ba cheart tús áite a thabhairt de thuras na huaire don dul chun cinn leanúnach i dtreo chur chun feidhme an Rialacháin san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair, agus aird ar leith á tabhairt – i gcomhthéacs athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán seo agus ar reachtaíocht díchill chuí eile – ar conas comhlántacht agus idir-inoibritheacht leanúnach na bpíosaí éagsúla de reachtaíocht díchill chuí an Aontais atá ábhartha sa chomhthéacs sin a áirithiú.

Na rioscaí a chumhdaítear

I dtéarmaí na rioscaí a chumhdaítear leis na hoibleagáidí díchill chuí, cumhdaítear leis an Rialachán rioscaí a bhaineann le coinbhleacht armtha agus sáruithe gaolmhara ar chearta an duine i gcomhréir le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí agus le hIarscríbhinn II a ghabhann léi ('mí-úsáidí tromchúiseacha a bhaineann le heastóscadh, iompar nó trádáil mianraí'). Ní chumhdaítear rioscaí comhshaoil leis an Rialachán ná le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí. Mar sin féin, tá naisc inaitheanta idir tionchar comhshaoil na mianadóireachta agus na coinbhleachta armtha. Ar thaobh amháin, d'fhéadfadh tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a bheith ag cur isteach ó ghrúpaí armtha stáit agus neamhstáit ar ghníomhaíochtaí mianadóireachta. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh coinbhleacht eascairt as meath comhshaoil de bharr gníomhaíochtaí 3TG, lena n-áirítear saincheisteanna amhail díláithriú daonra, díghrádú ithreach, rochtain theoranta ar bhia, agus infhaighteacht uisce i mbaol.

D'fhéadfadh ról a bheith ag naisc den sórt sin idir an comhshaol agus coinbhleacht vis-à-vis éifeachtacht an Rialacháin, toisc go bhféadfadh dícheall cuí comhshaoil rannchuidiú le ceann de phríomhchuspóirí an Rialacháin, lena ndéanfaí trádáil 3TG a dhíchúpláil ó choinbhleacht armtha. An tráth céanna, leis an Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht

Chorparáideach (CSDDD) (nuair a bheidh sí i bhfeidhm), leathnófar oibleagáidí díchill chuí chuig gnéithe comhshaoil cheana féin. Dá réir sin, beidh ar go leor oibreoirí de chuid an Aontais ar fud na slabhraí soláthair mianraí dícheall cuí comhshaoil a dhéanamh. Ina theannta sin, faoi láthair, tá an Rialachán bunaithe ar Threoir ECFE um Dhícheall Cuí. Dá bhrí sin, dá gcuirfí dícheall cuí comhshaoil isteach faoin Rialachán (nach gcumhdaítear faoi láthair le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí), d'fhéadfadh an baol a bheith ann go ndéanfaí an tírdhreach rialála do ghníomhaithe eacnamaíocha níos casta agus, i bhfianaise reachtaíocht eile de chuid an Aontais, go gcruthófaí mearbhall maidir leis na bealaí inar cheart dícheall cuí maidir le mianraí a dhéanamh. Mar thoradh air sin, ba cheart an dul chun cinn leanúnach i dtreo chur chun feidhme an Rialacháin san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair a bheith ina thosaíocht de thuras na huaire.

Comhleanúnachas idir an Rialachán agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais

Is é an Rialachán an chéad reachtaíocht de chuid an Aontais atá dírithe ar dhícheall cuí sa slabhra soláthair. Ó tháinig an Rialachán i bhfeidhm, forbraíodh roinnt tionscnamh reachtach ar féidir leo idirghníomhú lena chuspóir, lena raon feidhme agus lena fhócas ar leibhéil éagsúla. Déantar comparáid sa tábla thíos idir an cumhdach geografach, ábhartha agus corparáideach, na hoibleagáidí díchill chuí, ról aitheantas scéimeanna agus dliteanais an Rialacháin leis an Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach (CSDDD), leis an Rialachán maidir le Ceallraí, leis an Rialachán lena mbunaítear Creat chun na Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí Inbhuanaithe (ESPR), leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla agus leis an Rialachán maidir le Táirgí arna nDéanamh le Saothar Éigeantach a Thoirmeasc ar mhargadh an Aontais (an Rialachán maidir le Saothar Éignithe).

Gné choiteann thábhachtach is ea an cumhdach geografach toisc go bhféadfadh tionchar domhanda a bheith ag na hionstraimí reachtacha sin go léir (d'ainneoin fhócas sonrach an Rialacháin ar CAHRAnna). I dtéarmaí cumhdach ábhair, tá feidhm ag an Rialachán maidir le Ceallraí, amhail an Rialachán seo, maidir le raon feidhme cúng táirgí/mianraí ach níl aon fhorluí ann idir an dá cheann. Sainaithníonn an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla tantalam agus tungstan mar amhábhair chriticiúla in Iarscríbhinn II a ghabhann leis. Ní shainítear cumhdach ábhair teoranta leis na hionstraimí eile, go háirithe an Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach, ach cuirtear i bhfeidhm go cothrománach iad. I dtéarmaí an chumhdaigh chorparáidigh, i.e. na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir na gceanglas, beidh feidhm ag ionstraimí cothrománacha amhail an Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach maidir le gníomhaithe móra eacnamaíocha, agus sainítear na heintitis atá faoi réir na gceanglas sa Rialachán de réir a fhócais ábhartha shonraigh agus na dtairseach maidir le méid na n-allmhairí (lena dtugtar le tuiscint freisin go bhfuil solúbthachtaí sonracha atá dírithe ar FBManna ach gan iad a eisiamh go sainráite ón raon feidhme).

Maidir le ceanglais díchill chuí, tá cur chuige spriocdhírithe ag an Rialachán (i.e. ceanglaítear dícheall cuí a dhéanamh d'fhonn a áirithiú nach maoineoidh slabhraí soláthair coinbhleacht armtha agus sáruithe gaolmhara ar chearta an duine), atá ailínithe le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí. Tá ceanglais na Treorach i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach (CSDDD) agus an Rialacháin maidir le Ceallraí i ndáil le dícheall cuí níos fairsinge toisc go gcumhdaítear leo freisin saincheisteanna comhshaoil, chomh maith le rioscaí sóisialta agus rioscaí chearta an duine ar bhonn níos leithne. Ní fhorchuirtear oibleagáidí díchill

chuí leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla (CRMA), leis an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe (ESPR) ná leis an Rialachán maidir le Saothar Éigeantach.

Maidir le scéimeanna a aithint, déantar foráil sa Rialachán, sa Ghníomh um Amhábhair Chriticiúla agus sa Rialachán maidir le Ceallraí maidir leis an bhféidearthacht sin. Cumhdaítear 3TGanna go sonrach sna scéimeanna atá á measúnú faoi láthair i gcomhthéacs an Rialacháin (Féach mar thagairt Roinn III 3.a.).

Tábla 5 – Comparáid idir an Rialachán agus tionscnaimh reachtacha ábhartha eile

	Rialachán	**CSDDD (An Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach)**	**An Rialachán maidir le Ceallraí**	**An Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe**	**An Gníomh um Amhábhair Chriticiúla**	**An Rialachán maidir le Saothar Éigeantach**
Cumhdach Geografach	Domhanda agus dírithe ar CAHRAnna	Domhanda	Domhanda agus béim áirithe ar CAHRAnna	Domhanda	Domhanda	Domhanda
Clúdach an Ábhair	3TG	Cothrománach	Cóbalt, litiam, nicil, graifít nádúrtha	Trasghearrthach le roinnt teorainneacha táirge	34 CRM in Iarscríbhinn II lena n-áirítear tantalam agus tungstan	Cothrománach
Clúdach Corparáideach	Allmhaireoirí 3TG de réir tairseacha bunaithe	Gníomhaithe eacnamaíocha > 1000 fostaí agus láimhdeachas bliantúil > EUR 450 M	I gcás oibleagáidí díchill chuí: Oibreoirí eacnamaíocha a chuireann ceallraí i seirbhís ar mhargadh an Aontais agus a bhfuil láimhdeachas bliantúil ≥ EUR 40 M acu	Gach cuideachta, agus díolúine ann ó oibleagáidí maidir le táirgí tomhaltais gan díol a scriosadh le haghaidh fiontair bheaga agus micrifhiontair	Neamhbhainteach	Cothrománach
Oibleagáidí Díchill Chuí	Rioscaí agus drochthionchair a bhaineann le	Cearta an duine agus an comhshaol	Cearta sóisialta, cearta an duine agus an comhshaol	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach

	coinbhleacht agus sáruithe gaolmhara ar chearta an duine					
Scéimeanna á n-aithint	Aithnítear	Ní aithnítear	Aithnítear (níl an mhodheolaíocht cinntithe go fóill)	Neamhbhainteach	Aithnítear	Neamhbhainteach
Dliteanais	Cinneann na Ballstáit na rialacha is infheidhme maidir le sáruithe	Tá na Ballstáit chun pionóis riaracháin a chinneadh maidir le neamhchomhlíonadh agus dliteanas sibhialta i gcás díobháil do shealbhóirí ceart	Tá na Ballstáit le pionóis a chinneadh i gcás neamhchomhlíonadh ag na Ballstáit	Smachtbhanaí le cinneadh ag na Ballstáit	Neamhbhainteach	Toirmisc mhargaidh ar tháirgí; Tá na Ballstáit le pionóis a chinneadh i gcás neamhchomhlíonadh toirmeasc

Mar achoimre, ar thaobh amháin ceanglaítear leis an Rialachán dícheall cuí a chur chun feidhme le haghaidh sraith sách cúng mianraí agus miotal, agus sraith shonrach rioscaí. Ar an taobh eile, leathnaíonn cuid de chreataí rialála an Aontais a glacadh le déanaí cheana féin (nó a ghlacfar go luath) dícheall cuí ar fud an tslabhra luacha chun aghaidh a thabhairt ar raon leathan táirgí agus ar shaincheisteanna socheacnamaíocha, sábháilteachta oibrithe agus comhshaoil, agus ar an gcaoi sin cabhraíonn siad le slabhraí soláthair agus luacha slána agus inbhuanaithe an Aontais de mhianraí criticiúla agus níos faide i gcéin a áirithiú. Idirghníomhaíonn cuid de na rialacháin sin go páirteach leis an Rialachán ó thaobh raon feidhme ábhartha, cumhdach corparáideach agus ceanglais de. Mar sin féin, faoin raon feidhme atá aige faoi láthair, tá an idirghníomhaíocht teoranta, is minic a bhíonn sí comhlántach agus ní cosúil gur ualach suntasach breise rialála í ar iarrachtaí díchill chuí mianraí laistigh de chreat rialála an Aontais.

IV. CONCLÚID

Gan ach dhá bhliain ann ó tháinig ceanglais an Rialacháin maidir le dícheall cuí oibríochtúil i bhfeidhm, tagann an chéad athbhreithniú éigeantach seo ag céim an-luath i gcur chun feidhme an Rialacháin. Bhí roinnt moilleanna breise ar rolladh amach, cur chun feidhme agus forfheidhmiú iomlán ghnéithe éagsúla an Rialacháin agus na mbeart tionlacain mar gheall ar e.g. paindéim COVID-19 agus dúshláin cur chun feidhme eile a dtabharfar aghaidh orthu go leanúnach i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile. Dá bhrí sin, ní thagann an chéad tuarascáil athbhreithnithe seo ar chonclúidí críochnaitheacha maidir le go leor de na gnéithe a scrúdaíodh. Mar sin féin, soláthraíonn sé táscairí úsáideacha maidir le feidhmiú agus éifeachtacht an Rialacháin agus sainaithnítear inti réimsí a mbeidh meastóireacht bhreise le déanamh orthu i gcomhthéacs na gcéad athbhreithnithe eile.

Príomhthorthaí

Maidir le tionchair an Rialacháin ar an láthair i dtríú tíortha a tháirgeann 3TG agus go háirithe i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardriosca, sainaithníodh sa staidéar seachtrach tionchair theoranta i measc páirtithe leasmhara áitiúla a d'fhéadfaí a chur go díreach i leith an Rialacháin. Mar gheall ar dhearadh an Rialacháin lena leagtar síos ceanglais cheangailteacha díchill chuí maidir le hallmhairí an Aontais, tá gá le níos mó ama agus sonraí ag céim níos luaithe sa slabhra soláthair chun go mbeifear in ann tionchar an Rialacháin i dtríú tíortha a idirdhealú ó iarrachtaí domhanda níos leithne chun dícheall cuí a chur chun cinn i slabhraí soláthair mianraí. I bhfianaise na n-iarrachtaí idirnáisiúnta méadaithe maidir le dícheall cuí i ndáil le 3TG, beidh sé dúshlánach fós tionchair a chur i leith tíortha táirgthe a shannadh go sonrach don Rialachán. Mar sin féin, is ábhar misnigh é go bhfuil iarrachtaí idirnáisiúnta níos leithne á ndéanamh ag go leor gníomhaithe san earnáil 3TG i roinnt de na tríú tíortha a scrúdaíodh chun dícheall cuí atá ailínithe le ECFE a chur chun cinn i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin.

Laistigh den Aontas, tá dul chun cinn déanta ag na Ballstáit ina n-iarrachtaí an Rialachán a chur chun feidhme. Cuireadh údaráis inniúla na mBallstát ar bun agus rinneadh na chéad bhabhtaí de sheiceálacha *ex post* maidir le comhlíonadh i bhformhór na mBallstát le hallmhaireoirí de chuid an Aontais faoi raon feidhme an Rialacháin. Mar sin féin, tá dúshláin fós le sárú ag údaráis inniúla na mBallstát, go háirithe maidir le trédhearcacht agus rochtain ar fhaisnéis ábhartha

maidir le dícheall cuí. Cé gur cuid lárnach de na ceanglais díchill chuí iad iniúchtaí tríú páirtí neamhspleácha, thuairiscigh oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis inniúla na mBallstát araon gur dúshlán suntasach é ganntanas iniúchóirí cáilithe maidir le cur chun feidhme an Rialacháin. Ina theannta sin, sainaithníodh san athbhreithniú leibhéal éagsúil acmhainneachtaí agus acmhainní i measc údaráis inniúla na mBallstát, rud a léiríonn gur gá tuilleadh feabhais a chur ar rannpháirtíocht agus ar mhalartuithe eatarthu, go háirithe chun cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin a áirithiú agus chun iarrachtaí ar dhul timpeall ar na ceanglais a sheachaint.

Maidir le costas na comhlíontachta, chomh maith le huirlisí tionlacain an Rialacháin, deimhnítear san athbhreithniú gur féidir le scéimeanna díchill chuí tacú le comhlíonadh agus meastar gur uirlis inacmhainne iad go ginearálta. Ní mór ról na scéimeanna a shoiléiriú go leanúnach, áfach, chun róspleáchas ar scéimeanna a sheachaint, toisc go mbíonn freagracht ar oibreoirí eacnamaíocha ina n-aonar i gcónaí an Rialachán a chomhlíonadh gan beann ar cé acu a ghlacann nó nach nglacann siad páirt i scéimeanna den sórt sin (lena n-áirítear nuair a bheidh an scéim aitheanta ag an gCoimisiún). Is uirlis úsáideach é liosta CAHRAnna a tharraingítear suas agus a thugtar cothrom le dáta bunaithe ar shaineolas seachtrach agus a úsáideann oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis inniúla na mBallstát go rialta. Ba cheart don Choimisiún feabhsuithe sonracha ar an modheolaíocht bhunúsach a ghabhann leis an liosta sin a mheas ar bhonn leanúnach. Deimhníodh san athbhreithniú breisluach uirlisí eile, amhail EPRM nó na Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha um Amhábhair, lena gcomhlánaítear iarrachtaí an Rialacháin trí pheirspictíocht an chomhair idirnáisiúnta a thabhairt isteach agus trí dhul i dteagmháil a thuilleadh le tríú tíortha comhpháirtíochta.

Ar deireadh, scrúdaíodh san athbhreithniú ceisteanna maidir le raon feidhme an Rialacháin agus saincheisteanna gaolmhara a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht an Rialacháin, thar na ceisteanna a fhorordaítear leis an Rialachán. Tugtar le fios sa mheasúnú go bhfuil leathnú ar an raon feidhme ábhartha (lena bhféadfaí tuilleadh mianraí nó miotal agus go háirithe cóbalt a áireamh), nó an raon feidhme riosca (lena bhféadfaí rioscaí breise amhail rioscaí comhshaoil a áireamh) mar thoradh ar reachtaíocht eile de chuid an Aontais ina dhiaidh sin, agus go háirithe an Treoir maidir le Dícheall Cuí i dtaca le hInbhuanaitheacht Chorparáideach, agus an Rialachán maidir le Ceallraí. Ós rud é nach bhfuil roinnt de na ceanglais sna píosaí reachtaíochta sin a bhí ann le déanaí tagtha i bhfeidhm go fóill, tá sé róluath teacht ar chonclúidí cinntitheacha maidir leis an gcaoi a n-idirghníomhóidh siad sin leis an Rialachán, rud a bheidh ag brath ar deireadh ar an gcaoi a gcuirfear na tionscnaimh eile sin chun feidhme. Faoi láthair, dá bhrí sin, ní féidir teacht ar an gconclúid go mbeadh gá le hathruithe ar an Rialachán chun a fheidhmiú a fheabhsú, nó chun a mheas go hiomlán an gcomhlánaíonn reachtaíocht eile éifeachtacht an Rialacháin go leordhóthanach.

An t-ionchas don todhchaí

I bhfianaise an mhéid thuas, tugtar chun solais sa chéad athbhreithniú seo gur gá don Aontas dlús a chur lena rannpháirtíocht agus lena iarrachtaí múscailte feasachta maidir leis an Rialachán agus lena chuspóirí. D'fhéadfaí a áireamh leis sin dlús a chur leis na hiarrachtaí cumarsáid a dhéanamh faoin Rialachán ar an talamh agus leis na príomhpháirtithe leasmhara ábhartha, agus tacú le tionscadail forbartha ábhartha. D'fhéadfadh Toscaireachtaí an Aontais a bheith ina bpríomh-idirghabhálaí agus ina n-éascaitheoir agus iad ag plé le gníomhaithe áitiúla.

Thairis sin, is féidir leis an gCoimisiún tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar conas cóineasú a fheabhsú i bhforfheidhmiú an Rialacháin ag údaráis inniúla na mBallstát. Cé go bhfuil an Coimisiún ag obair cheana féin ar roinnt uirlisí, amhail an t-ardán chun sonraí custaim a mhalartú nó na malartuithe rialta trí Chruinnithe an tSainghrúpa 3TG, soiléirithe nó treoraíocht a sholáthar go leanúnach agus an comhar trasteorann idir údaráis inniúla na mBallstát a éascú chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann le foinsiú freagrach mianraí agus le comhlíonadh an Rialacháin, ba cheart leanúint den obair sin.

Rud atá tábhachtach, is é príomhthoradh an chéad athbhreithnithe seo é nár cheart tionchair an Rialacháin a mheasúnú ar bhealach ar leith. Tá an Rialachán seo mar chuid d'éiceachóras beart níos leithne arb é is cuspóir dóibh foinsiú freagrach 3TG a chur chun cinn, lena gcuirtear cosc ar an méid a chuireann sé le coinbhleacht agus le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. I ndáil leis sin, rinneadh machnamh san athbhreithniú sin ar fhorbairtí dearfacha tosaigh i dtríú tíortha agus laistigh den Aontas araon, go háirithe maidir leis na tásca go bhfuil méadú ag teacht ar ghlacadh an díchill chuí agus tuiscint, cur chun feidhme agus scaipeadh níos fearr maidir le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí ar bhonn níos leithne. Ní mór tacú le glacadh níos leithne díchill chuí den sórt sin go hidirnáisiúnta san earnáil 3TG agus níos faide i gcéin agus é a fheabhsú a thuilleadh. I gcomhthráth le cur chun feidhme éifeachtach bheartais an Aontais a áirithiú, tá ról tábhachtach ag an Aontas maidir le tacú le hiarrachtaí idirnáisiúnta breise, dea-shampla a thabhairt agus dul i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, le tríú tíortha agus i bhfóraim idirnáisiúnta.